AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.7.2019
COM(2019) 331 final

2019/0151 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2019) 275 final} - {SWD(2019) 330 final} - {SWD(2019) 331 final}

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Sa Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Theicneolaíocht (an Rialachán maidir le EIT[1]), rialachán a glacadh in 2008, leagtar amach misean EIT, a chúraimí agus an creat le haghaidh a fheidhmithe. Leasaíodh an Rialachán in 2013[2] chun, *inter alia*, é a ailíniú leis an gclár Fís 2020[3].

Is é misean ginearálta na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Theicneolaíocht (EIT) borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe agus faoin iomaíochas trí chumas nuálaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh a threisiú. Go háirithe, treisíonn EIT cumas nuálaíochta agus feidhmíochta an Aontais agus tugann sé aghaidh ar dhúshláin shochaíocha trí thriantán eolais an ardoideachais, an taighde agus na nuálaíochta a chomhtháthú. Déanann EIT a chuid oibre trí bhíthin na bPobal Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) atá aige: comhpháirtíochtaí Eorpacha ar mhórscála a thugann aghaidh ar dhúshláin shochaíocha shonracha trí eagraíochtaí oideachais, taighde agus gnó a thabhairt le chéile. Cuireann EIT deontais ar fáil do na PENanna, déanann sé faireachán ar a ngníomhaíochtaí, tacaíonn sé le comhoibriú idir na PENanna agus scaipeann sé torthaí agus dea-chleachtais.

Sa mheastóireacht sheachtrach ar EIT in 2017, deimhníodh gur bailí an réasúnaíocht a bhí le EIT a bhunú agus gurb ábhartha fós an tsamhail sin aige, eadhon an comhtháthú ar thriantán an eolais ar son na nuálaíochta.

Sa tréimhse 2021-2027, is é an clár réime Fís Eorpach an clár de chuid an Aontais a dhéanfaidh cistiú ar EIT. Is dlúthchuid é EIT den togra ón gCoimisiún lena mbunaítear an clár Fís Eorpach agus tá sé ar cheann de thrí mhír an cholúin “Eoraip Nuálaíoch” de chuid an chláir sin. Sa togra maidir leis an gclár Fís Eorpach, leagtar amach an buiséad le haghaidh EIT i gcomhair an chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile mar aon leis an réasúnaíocht a ghabhann leis, an breisluach atá air, na réimsí idirghabhála lena mbaineann sé agus príomhairíonna na gníomhaíochta atá i gceist leis. Mar sin féin, ní chuireann an togra maidir leis an gclár Fís Eorpach ar fáil, as féin, an bunús dlí chun leanúint d’oibríochtaí EIT amhail ó 2021. Is é atá ina bhunús dlí ag EIT go fóill an Rialachán maidir le EIT.

Thairis sin, cuireann Airteagal 17 den Rialachán maidir le EIT de cheangal ar an gCoimisiún togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach seacht mbliana, togra le haghaidh Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht (COSN) a leagann síos na réimsí tosaíochta agus an straitéis fhadtéarmach agus na riachtanais airgeadais le haghaidh EIT agus a chaithfidh a bheith de réir an chreatchláir is infheidhme, de chuid an Aontais, lena dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht[4].

[1] Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Theicneolaíocht (IO L 97, 9.4.2008, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1292/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Theicneolaíocht (IO L 347, 11.12.2013, lch. 174).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 — an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht, 2014-2020 agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104).

[4] Cumhdaíonn an COSN atá ann faoi láthair an tréimhse 2014-2020.

Níl aon teorainn ama ann, i bprionsabal, le haghaidh an Rialacháin maidir le EIT, ní hionann agus COSN. Mar sin féin, ós rud é go ndéantar tagairt dhíreach, i líon áirithe de na forálacha sa Rialachán maidir le EIT, don chlár Fís 2020 reatha, clár a bunaíodh i gcomhair na tréimhse 2014-2020, ní mór na forálacha sin a leasú chun iad a chur i gcomhoiriúint leis na chéad chreatchláir eile de chuid an Aontais lena dtabharfar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht.

Dá bhrí sin, tá beartaithe an Rialachán nua maidir le EIT a dhéanamh neodrach ó thaobh ama ionas, i dtaca le leasuithe a dhéanamh air ag deireadh gach CAI, nach mbeadh, i bprionsabal, nach mbeadh leasuithe riachtanach nó, dá mbíodh, gur bheag na leasuithe iad. Is faoi réir cistiú cuí a bheith ar fáil, cistiú a dhéanfaí trí bhíthin ranníocaíocht ón Aontas, a leanfaí d'oibríochtaí EIT faoi na CAIanna nua ar leith. Féadfar an ranníocaíocht ón Aontas a chur ar fáil trí bhíthin ranníocaíocht airgeadais ón gcreatchlár de chuid an Aontais lena dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht, agus ó chláir eile de chuid an Aontais.

Is faoi COSN na hInstitiúide Eorpaí um Nualaíocht agus Theicneolaíocht a bheadh sé a áirithiú go bhfuil ailíniú ann le cuspóirí an chreatchláir ábhartha de chuid an Aontais lena dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht, leis an bpleanáil ilbhliantúil straitéiseach, leis an bhfaireachán agus le ceanglais eile an chláir sin, agus is faoi freisin a bheadh sé sineirgí a chothú le cláir ábhartha eile faoi gach CAI nua.

Ós rud é gur leasaíodh an Rialachán EIT go suntasach in 2013 agus ós rud é go bhfuil, sa togra reatha, leasuithe substaintiúla breise ar an Rialachán maidir le EIT, tá beartaithe an Rialachán maidir le EIT a leasú trí bhíthin theicníc reachtach an athmhúnlaithe chun breis soiléireachta dlíthiúla agus breis soléiteachta a áirithiú. Fágfaidh an neodracht ama a bheidh ina gné den Rialachán athmhúnlaithe gur fearr a bheifear in ann díriú ar na príomhphrionsabail a bhaineann le feidhmiú EIT/PENanna. Leis sin, agus leis an ról níos láidre a bheidh ag COSN in ailíniú EIT lena chlár cistiúcháin faoi gach CAI ar leith, tiocfaidh feabhas ar chomhleanúnachas ginearálta chreat reachtach EIT, éascófar cur i bhfeidhm a fhorálacha, agus déanfar cúram níos éadroime den phróiseas reachtach laistigh de sheacht mbliana.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Sainítear, i Rialachán an chláir Fís 2020, cuspóirí, réasúnaíocht, breisluach AE agus buiséad EIT i gcomhair na tréimhse 2014-2020, mar aon le príomhairíonna a ghníomhaíochta agus a tháscairí feidhmíochta. Ina theannta sin, leagtar amach, sa Rialachán maidir le EIT, misean agus cúraimí le haghaidh EIT maille leis an gcreat i gcomhair a fheidhmithe. Leagtar síos in COSN[5] réimsí tosaíochta straitéiseacha fadtéarmacha EIT, mar aon lena riachtanais airgeadais, i gcomhair gach tréimhse seacht mbliana.

Deimhníodh, le togra an chláir Fís Eorpach, tábhacht EIT agus an cuidiú a thugann EIT agus a PENanna chun tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a ghnóthú i réimse na nuálaíochta. Déantar moladh ann maidir le buiséad EIT i gcomhair 2021-2027, raon an bhuiséid, a bhreisluach agus a phríomhréimsí gníomhaíochta, agus san am céanna dírítear aird ann ar ról feabhsaithe EIT chun an cuidiú a thugann EIT do chuspóirí an chláir Fís Eorpach a threisiú.

[5] Cinneadh Uimh. 1312/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Theicneolaíocht (EIT): cuidiú EIT chun an Eoraip a dhéanamh níos nuálaíche (IO L 347, 20.12.2013, lch. 892).

Tá EIT ina chuid de Cholún III ("Eoraip Nuálaíoch") an chláir Fís Eorpach, agus dá réir sin is cuid chomhtháite den chlár é. Mar sin féin, déanfar a áirithiú go mbeidh sineirgí agus comhlántacht ann le codanna eile an chláir. Cuideoidh EIT, trí bhíthin a PENanna, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda faoi Cholún II ("Dúshláin Dhomhanda agus an tIomaíochas Tionsclaíoch Eorpach") agus faoi Cholún I ("Eolaíocht den Scoth").

Faoin togra le haghaidh an chláir Fís Eorpach, meastar na PENanna a bheith ina gComhpháirtíochtaí Eorpacha institiúidithe. Maidir leis an gcuidiú ó PENanna do gníomhaíochtaí ábhartha eile faoi chreat an chláir Fís Eorpach, tacófar leis an gcuidiú sin trí phróiseas ilbhliantúil na Pleanála Straitéisí, próiseas a n-ionchorprófar ann peirspictíochtaí idirdhisciplíneacha agus trasearnála agus a ndéanfar a áirithiú leis go ndéantar comhordú éifeachtach ar na gníomhaíochtaí uile faoin gclár Fís Eorpach. Chomh maith leis sin, leagtar béim sa chlár Fís Eorpach ar an méid seo: "moltaí faoi PENanna de chuid EIT sa todhchaí, a bheadh ag comhlíonadh an Rialacháin maidir le EIT, déanfar iad a shonrú sa COSN, agus tabharfaidh siad san áireamh toradh an phróisis Pleanála Straitéisí agus tosaíochtaí an cholúin 'Dúshláin Dhomhanda agus an tIomaíochas Tionsclaíoch Eorpach'".

Chun cuspóirí an chláir Fís Eorpach a ghnóthú, is den tábhacht freisin oibriú i ndlúthchomhar leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach (EIC) go háirithe, chun sineirgí agus tionchar níos mó a áirithiú. Comhlánann EIT agus EIC a chéile: déanfaidh EIC nuálaíochtaí ceannródaíocha a aithint, a fhorbairt agus a chur á n-úsáid, agus tacóidh siad le mearmhéadú na ngnólachtaí atá i mbun nuálaíochtaí lena gcruthaítear margaí nua ar an leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta, agus cuideoidh EIT cumas nuálaíochta na hEorpa a fhorbairt ar leibhéal na hEorpa agus ar leibhéal na mBallstát trí bhíthin chomhtháthú an triantáin eolais agus trí thacaíocht a thabhairt d'éiceachórais nuálaíochta. Is é fócas ar leith a bheidh ag EIT, an sainfhócas ar an gcaipiteal daonna, ar an oideachas fiontraíochta, ar bhreis nirt san fhor-rochtain réigiúnach agus ar an tacaíocht do chruthú agus fhorbairt gnó i réimsí téamacha sonracha.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán athmhúnlaithe maidir le EIT, cuirtear béim, mar a chuirtear síos air thuas, ar ról COSN maidir le sineirgí a chothú ní amháin le creat an Aontais lena dtacaítear leis an taighde agus leis an nuálaíocht ach freisin le cláir Aontais ábhartha eile de chuid an CAI ábhartha. Is tábhachtach, thar nithe eile, go bhforbróidh COSN sineirgí iomchuí agus comhlántachtaí iomchuí idir gníomhaíochtaí EIT agus tionscnaimh, beartais agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Rachaidh EIT i mbun gníomhaíochtaí spriocdhírithe i dtaca leis sin. Thairis sin, treisítear, leis an togra, ról Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát, rud a chuideoidh lena áirithiú go mbeidh sineirgí agus comhlántacht ag gníomhaíochtaí EIT agus PENanna le cláir agus tionscnaimh náisiúnta.

**BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

- **Bunús dlí**

Tá inniúlacht roinnte ag an Aontas Eorpach sa bheartas tionscail, bunaithe ar Airteagal 173 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Teideal XVII). De réir Airteagal 173(1), féachfaidh an tAontas agus na Ballstáit chuige go mbeidh na dálaí ann is gá chun cumas iomaíochta thionscal an Aontais a áirithiú. Chun na críche sin, i gcomhréir le córas margaí oscailte iomaíocha, beidh a gcuid gníomhaíochta dírithe freisin ar acmhainneacht thionsclaíoch beartas nuálaíochta, taighde agus forbartha teicneolaíche a shaothrú níos fearr. Déantar a fhoráil le hAirteagal 173(3) go bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach dá

dtagraítear in Airteagal 294, bearta sonracha a chinneadh chun tacú le gníomhaíochtaí de chuid na mBallstát d'fhonn an cuspóir sin dá dtagraítear a ghnóthú, gan aon chomhchuibhiú a dhéanamh ar dhlíthe agus ar rialacháin na mBallstát. Is í an fhoráil sin bunús dlí an Rialacháin maidir le EIT atá ann faoi láthair, agus bunús dlí COSN 2014-2020.

An treisiú a bheartaítear a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí EIT, ar a n-áirítear na gníomhaíochtaí i réimsí an oideachais agus na gné réigiúnaí, is ar son na nuálaíochta é agus tá sé d'aidhm leis an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 173 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a ghnóthú.

- **Coimhdeacht agus comhréireacht**

An togra le haghaidh Rialachán athmhúnlaithe maidir le EIT, urramaíonn sé prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireacht**a**. Ní théann sé thar an méid is ga chun cuspóirí an Aontais a ghnóthú agus tugann sé breisluach- soiléir don Aontas Eorpach i dtéarmaí barrainneachtaí de bhua scála, agus raon agus luas na hinfheistíochta i réimsí an taighde agus na nuálaíochta, i gcomparáid le tionscnaimh agus réitigh náisiúnta agus réigiúnacha. Thairis sin, ní chuirfeadh gníomhaíocht an Aontais Eorpaigh isteach ar chásanna ar de chineál intíre amháin iad ná ní theastódh dá barr aon chomhchuibhiú a dhéanamh ar dhlíthe agus ar rialacháin na mBallstát.

Tá dóigh ar leith ag EIT chun éiceachórais nuálaíochta a fhorbairt ar fud an Aontais Eorpaigh i réimsí an oideachais, an taighde, an ghnó agus i réimsí geallsealbhóirí eile[6]. Gníomhaíochtaí i gcomhar a dtacaíonn EIT leo, tagann breis cáilíochta dá mbarr i dtaca le gníomhaíocht agus nuálaíocht na gcomhpháirtithe agus na n-eagraíochtaí PEN, agus i dtaca lena n-idirnáisiúnú, agus tagann dá mbarr go gcruthaítear gréasáin ildisciplíneacha trasteorann, agus tagann dá mbarr breis comhar trasearnála agus for-rochtain gheografach níos fairsinge.

Is é EIT, freisin, an t-aon ionstraim de chuid an chláir Fís Eorpach a bhfuil fócas ar leith aici ar an oideachas mar phríomhspreagadh chun an nuálaíocht, an fás agus an t-iomaíochas a chur chun cinn.

## TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

*Meastóireacht sheachtrach*

Bunaítear an togra seo ar an meastóireacht sheachtrach a rinneadh ar EIT in 2017, meastóireacht a dheimhnigh go raibh réasúnaíocht bhailí le bunú EIT agus gurb ábhartha fós an tsamhail sin aige, eadhon an comhtháthú ar thriantán an eolais ar son na nuálaíochta. Dírítear i samhail EIT ar na laigí struchtúracha atá ar an gcumas nuálaíochta san Aontas Eorpach (i bpríomhréimsí téamacha), leithéid an chultúir fiontraíochta theoranta, an leibhéil ísil comhair idir an lucht acadúil agus an lucht tionscail agus leithéid na forbartha neamh-leordhóthanaí ar an bpoitéinseal dhaonna, agus tá sé d'aidhm léi cuidiú an bhearna nuálaíochta idir an tAontas agus a phríomh-iomaitheoirí a dhúnadh.

*Comhairliúchán poiblí oscailte*

Tugtar san áireamh, sa togra, torthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí Oscailte (CPO) a rinneadh mar chuid de mheasúnú tionchair an Choimisiúin Eorpaigh i ndáil lena thograí le haghaidh athbhreithniú an Rialacháin maidir le EIT agus le haghaidh Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht nua i gcomhair EIT le haghaidh 2021-2027. Ba é cuspóir a bhí leis an gComhairliúchán Poiblí Oscailte faisnéis, tuairimí agus dearcthaí a chruinniú ó raon leathan geallsealbhóirí maidir le 1) na dúshláin agus na deiseanna sa réimse taighde agus nuálaíochta

[6] ICF (2017), Meastóireacht, lch. 36.

Eorpach, 2) spriocanna beartais EIT, agus 3) na roghanna beartais i dtaca le dul i ngleic leis na dúshláin.

*Measúnú tionchair*

Tá mar thaca leis an togra seo Measúnú Tionchair ina gcumhdaítear an togra le haghaidh leasú an Rialacháin maidir le EIT (athmhúnlú) agus an togra le haghaidh COSN i gcomhair EIT le haghaidh 2021-2027.

Bunaíodh an measúnú tionchair sin ar an Measúnú Tionchair a rinneadh i gcomhair an chláir Fís Eorpach. Fuarthas tuairim dhearfach an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála ar an 5 Aibreán 2019.

Aithníodh na roghanna beartais seo a leanas sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo: rogha bhonnlíne agus dhá rogha dhifriúla ina ndírítear ar aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna agus ar na saincheisteanna teicniúla a aibhsíodh sa mheasúnú tionchair.

Is é rud a bheadh i gceist le rogha bhonnlíne 1 leanúint le gníomhaíochtaí EIT mar atá faoi láthair, mórán, agus gan a dhéanamh ach na coigeartuithe ba ghá chun é a ailíniú leis an togra le haghaidh an chláir Fís Eorpach. Le Rogha 2 cuirtear leis an mbonnlíne. De bhreis air sin, de réir na rogha sin ghlacfaí líon áirithe de bhearta teicniúla chun feabhas a chur ar fheidhmiú EIT, agus moltar gníomhaíocht nua chun an t-oideachas san fhiontraíocht a chothú ar fud na hEorpa. Is neamhionann Rogha 3 agus Rogha 2, óir bhunófaí, le Rogha 3, Mol EIT i ngach Ballstát chun an tionchar atá ag gníomhaíochtaí EIT a mhéadú fud fad na hEorpa.

Is í Rogha 2 a aithníodh mar an rogha thosaíochta ós í is fearr a thugann cothromaíocht i dtaca le cuspóirí an tionscnaimh a ghnóthú agus, in éineacht leis sin, na hacmhainní atá ar fáil a thabhairt san áireamh agus an tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch is mó is féidir a imirt. Beidh de thoradh air sin go ndéanfar feabhsuithe móra ar EIT sa chéad chlárthréimhse eile.

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear, i dtogra an Choimisiúin, na cearta bunúsacha agus cloítear ann leis na prionsabail atá i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Déantar cur síos mionsonraithe sa Ráiteas Airgeadais Reachtach[7] ar impleachtaí buiséadacha an togra agus ar na hacmhainní daonna agus riaracháin a theastaíonn.

## EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Baintear úsáid as an bhfaireachán agus as an meastóireacht mar bhunuirlisí chun tionchar EIT a thomhas, agus déanfar a n-úsáid a threisiú agus a fheabhsú go leanúnach le linn na chéad chlárthréimhse eile. I bhfianaise chineál na samhla le haghaidh chomhtháthú an triantáin eolais, is tábhachtach creat faireacháin a chur i bhfeidhm a fhágfaidh solúbthacht ar na

[7] Ráiteas airgeadais reachtach i gcomhair an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Theicneolaíocht (athmhúnlú) agus i gcomhair Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht 2021-2027: Borradh a chur faoi Thallann Nuálaíochta agus Chumas Nuálaíochta na hEorpa.

leibhéil ábhartha uile agus a áiritheoidh comhsheasmhacht le cuspóirí ginearálta an chláir Fís Eorpach agus leis an tionchar atáthar a lorg.

*Faireachán*

Déanfar faireachán trí bhíthin táscairí ar na hionchuir, na haschuir, na torthaí agus ar na tionchair uile a shainaithnítear sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo. Tá na táscairí sin ann cheana agus tá siad á n-úsáid ag EIT. I gcás nach ann dóibh cheana, déanfar táscairí nua a fhorbairt chun a chur ar chumas EIT faireachán a dhéanamh ar ghnóthú a chuspóirí.

I dteannta agus i lánchomhlíontacht leis na huirlisí faireacháin atá ann cheana, féachfar le hailíniú dlúth a dhéanamh idir forálacha faireacháin EIT agus na cinn le haghaidh an chláir Fís Eorpach. Sampla de sin, go n-ailíneoidh EIT a chuid uirlisí faireacháin le Conairí Tionchair an chláir Fís Eorpach, Conairí Tionchair lena bhféachtar le freagairt ar dhóigh níos cuimsithí don riachtanas atá le táscairí le haghaidh tionchair eolaíocha, eacnamaíocha agus sochaíocha. Ceann de na freagrachtaí a bheidh ar EIT, faireachán rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht oibríochtúil na PENanna agus a chuid córas faireacháin agus tuairiscithe a athoiriúnú dá réir ar bhonn leanúnach. Tabharfar torthaí an fhaireacháin sin san áireamh i bpróisis pleanála gnó na PENanna agus i gcinnteoireacht EIT maidir le leithdháileadh an bhuiséid agus maidir le hullmhú na gcreatchomhaontuithe comhpháirtíochta arb iad na PENanna a dtairbhithe. Ba cheart torthaí an fhaireacháin a chur ar fáil go leanúnach lena dtabhairt san áireamh sa phróiseas déanta beartais.

*Meastóireacht*

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar fheidhmíocht EIT agus déanfaidh sé sin de réir cheanglais an Rialacháin leasaithe maidir le EIT, agus tabharfar an mheastóireacht sin san áireamh sa mheastóireacht fhoriomlán ar an gclár Fís Eorpach, meastóireacht a dhéanfar leath bealaigh tríd an tréimhse agus ar chríochnú di. Mar chuid de sin, déanfar measúnú ar na sineirgí idir EIT agus ionstraimí eile an chláir.

Maidir leis na PENanna, úsáidfear sainchreat táscairí chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na PENanna ar feadh na chéad chlárthréimhse eile (tugtar mionsonraí faoi seo sa togra le haghaidh Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht nua). Baintear tairbhe sa chreat sin as táscairí atá ann agus as táscairí a bhíodh ann tráth, agus ceartaítear ann bearnaí nó uireasaí a aithníodh sa chóras tomhaiste feidhmíochta mar atá faoi láthair. Chomh maith leis sin, tá an creat sin ailínithe le creat táscairí an chláir Fís Eorpach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar na príomhathruithe atá ar fhorálacha sonracha an togra**

**Airteagal 5, Comhlachtaí EIT** - treisítear, leis an togra, ról an Choiste Feidhmiúcháin mar chomhlacht sonrach EIT, leagtar béim ar chuntasacht an Stiúrthóra don Bhord Rialaithe agus neartaítear neamhspleáchas na Feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí.

**Airteagal 6, Cúraimí** - tá sa togra líon áirithe mionchoigeartuithe ar na cúraimí atá ar EIT faoi láthair agus cuirtear béim ann ar thábhacht an chúraim sin de chuid EIT, eadhon leibhéal iomchuí comhordúcháin a áirithiú agus an chumarsáid agus an comhar téamach idir na PENanna a éascú. Tugtar cúram nua de chuid EIT isteach leis an togra, eadhon gníomhaíochtaí tacaíochta arna ndéanamh ag PENanna a dhearadh agus a chomhordú chun cumas fiontraíochta agus nuálaíochta Institiúidí Ardoideachais a fhorbairt agus chun iad a lánpháirtiú in éiceachórais nuálaíochta.

**Airteagal 10, Prionsabail le haghaidh meastóireacht agus measúnú ar PENanna** – tugtar cothrom le dáta, leis an togra, an tagairt don chreatchlár ábhartha de chuid an Aontais lena

dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht, ar feadh a mbaineann leis na táscairí le haghaidh faireachán seasta agus meastóireacht sheachtrach thréimhsiúil a dhéanamh ar na PENanna.

**Airteagal 11, PENanna – fad a dtréimhse, síneadh a bhfaid, agus a bhfoirceannadh** - treisítear, leis an togra, an t-athbhreithniú cuimsitheach meántéarma a dhéantar ar gach PEN roimh dhul in éag don chreatchomhaontú comhpháirtíochta tosaigh agus tugtar isteach coincheap an mheabhráin comhair, mar mhodh roghnach chun a áirithiú go mairfidh an caidreamh idir PENanna agus EIT tar éis dháta deiridh an chreatchomhaontaithe comhpháirtíochta.

**Airteagal 17, Na PENanna a mhaoiniú** – leis an togra aistrítear an chéad mhír d'Airteagal 14 atá ann cheana maidir le hacmhainní airgeadais EIT chuig an gcéad mhír d'Airteagal 20 maidir le buiséad EIT, agus déantar roinnt leasuithe freisin. De bhreis air sin, leagtar síos ann an prionsabal le haghaidh shamhail cistiúcháin leasaithe EIT, is é sin an prionsabal go bhféadfar suas le 100 % de chostais incháilithe iomlána ghníomhaíochtaí breisluacha PEN a chumhdach le ranníocaíocht airgeadais EIT le PENanna, ach nach bhféadfar é sin a dhéanamh ach amháin i gcéimeanna tosaigh shaolré an PEN. Laghdóidh an ranníocaíocht sin de réir a chéile de réir an fhaid ama i gcomhréir leis na rátaí comhchistiúcháin a shainmhínítear in COSN. Leagtar béim freisin ar an tábhacht atá le hinbhuanaitheacht airgeadais na PENanna laistigh de shásra leithdháilte iomaíoch EIT.

**Airteagal 20, Buiséad EIT** – sainítear, sa togra, cistiú EIT agus foinse rannchuidiú airgeadais EIT do na PENanna.

**Iarscríbhinn I, Reachtanna EIT** – leasuithe atá beartaithe ar Reachtanna EIT, a bhfuil d'aidhm leo soiléiriú a dhéanamh ar róil Bhord Rialaithe EIT, Choiste Feidhmiúcháin EIT agus a Stiúrthóra, neartú a dhéanamh ar ról an Bhoird Rialaithe san fhaireachán agus sa mhaoirsiú ar PENanna, agus ina stiúradh, agus soiléiriú a dhéanamh ar ról an Choimisiúin i dtaca le EIT d'fhonn é a bheith ag teacht lena oibleagáidí i leith faireacháin agus dea-bhainistiú airgeadais. Tá ceanglas nua sa togra a fhágann go dteastóidh comhaontú an Choimisiúin le haghaidh líon teoranta de shaincheisteanna straitéiseacha a ndéanann an Bord Rialaithe cinneadh fúthu (e.g. prionsabail i dtaca le faireachán agus le leithdháileadh airgeadais). Agus scriostar, leis an togra, an tagairt do "chonarthaí ar théarma seasta" fhoireann EIT chun an leanúnachas gairmiúil laistigh de EIT a áirithiú, agus chun a áirithiú go mbeidh an fhorbairt a thiocfaidh air inchomparáide leis an réimeas atá infheidhme maidir le gníomhaireachtaí AE.

↓ 294/2008 (oiriúnaithe)
⇨ nua

2019/0151 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ⌦ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ⌫ ~~lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach~~, agus go háirithe Airteagal ~~157(3)~~ ⌦ 173(3) ⌫ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún ⌦ Eorpach ⌫,

⇨ Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta, ⇦

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[8],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[9],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis ~~an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh~~ ⌦ an ngnáthnós imeachta reachtach ⌫ ,

De bharr an méid seo a leanas:

⇩ nua

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] a leasú go suntasach[11]. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh ar an Rialachán, ba cheart é a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

↓ 294/2008 aithris 1 (oiriúnaithe)

~~Leagann Clár Oibre Liospóin i gcomhair Fáis agus Post béim ar an ngá atá ann dálaí a fhorbairt a mheallfadh infheistíocht san eolas agus sa nuálaíocht san Eoraip d’fhonn iomaíochas, fás agus poist a threisiú san Aontas Eorpach.~~

[8] IO C […], […], lch. […].
[9] IO C […], […], lch. […].
[10] Rialachán (CE) Uimh 294/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (IO L 097, 9.4.2008, lch. 1).
[11] Féach Iarscríbhinn II.

↓ 294/2008 aithris 2 (oiriúnaithe)

(2) Is iad na Ballstáit go príomha atá freagrach as bonn láidir Eorpach a choinneáil ó thaobh tionscail, iomaíochais agus nuálaíochta de. Mar gheall ar chineál agus ar scála dhúshlán na nuálaíochta san Aontas ~~Eorpach~~, áfach, is gá gníomhú freisin ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫.

↓ 294/2008 aithris 3 (oiriúnaithe)

~~Ba cheart don Chomhphobal tacaíocht a chur ar fáil chun nuálaíocht a chothú, go háirithe trí mheán an Seachtú Clár Réime do Ghníomhaíochtaí Taighde, Forbartha Teicneolaíche agus Taispeána, trí mheán an Chláir Réime Iomaíochta agus Nuálaíochta, trí mheán an Chláir Foghlama ar Feadh an tSaoil agus trí mheán na gCistí Struchtúracha.~~

↓ 294/2008 aithris 4 (oiriúnaithe)

(3) Ba cheart ~~tionscnamh nua ar leibhéal an Chomhphobail,~~, an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (~~dá ngairfear "an~~ ⇒'EIT'⇐ ~~anseo" feasta~~), a bhunú d'fhonn na beartais agus na tionscnaimh atá ann, ar leibhéal ~~an Chomhphobail~~ an ⌦ Aontais ⌫ agus ar an leibhéal náisiúnta, a chomhlánú trí lánpháirtiú thriantán an eolais — ardoideachas, taighde agus nuálaíocht — a chothú ar fud an Aontais ~~Eorpaigh~~.

↓ 294/2008 aithris 5 (oiriúnaithe)

~~D'iarr Comhairle Eorpach an 15 agus an 16 Meitheamh 2006 ar an gCoimisiún togra foirmiúil chun an EIT a bhunú a ullmhú a chuirfí i láthair i bhFómhar 2006.~~

↓ 294/2008 aithris 6 (oiriúnaithe)

~~Ba cheart go mbeadh sé de chuspóir go príomha ag an EIT cur le cumas nuálaíochta an Chomhphobail agus na mBallstát a fhorbairt, trí pháirt a thabhairt do ghníomhaíochtaí ardoideachais, taighde agus nuálaíochta den chaighdeán is airde. Lena linn sin, ba cheart go n-éascódh agus go bhfeabhsódh an EIT líonrú agus comhoibriú agus go gcruthódh sí sineirgíocht idir chomhphobail nuálaíochta san Eoraip.~~

⇩ nua

(4) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag EIT, go háirithe trí na Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna), éiceachórais nuálaíochta a neartú a théann i ngleic le dúshláin dhomhanda. Ba cheart go mbeadh sé de chuspóir go príomha aige cur le cumas nuálaíochta an Aontais agus na mBallstát a fhorbairt ag an gcaighdeán is airde. Chun an cuspóir seo a ghnóthú, ba cheart go n-éascódh agus go bhfeabhsódh EIT líonrú agus comhoibriú agus go gcruthódh sé sineirgí idir chomhphobail éagsúla nuálaíochta san Eoraip.

↓ 294/2008 aithris 22 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(5) Ba cheart réimsí tosaíochta straitéiseacha ~~fadtéarmacha~~ agus riachtanais airgeadais EIT le haghaidh tréimhse seacht mbliana ⇨ , a chlúdaíonn an creat airgeadais ilbhliantúil ('CAI') faoi seach, ⇦ a leagan síos i gClár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht (~~dá ngairfear~~ 'COSN' ~~anseo feasta~~). ⇨Ba cheart don COSN a áirithiú go mbíonn ailíniú ann le clár réime an Aontais lena dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht, agus sineirgí a chothú le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais den CAI chomh maith le tionscnaimh, beartais agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, go háirithe iad sin lena dtugtar tacaíocht don oideachas agus don fhorbairt réigiúnach ⇦ I bhfianaise thábhacht an COSN do bheartas nuálaíochta an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ agus an tábhacht pholaitiúil a bhaineann, dá bharr, lena thionchar socheacnamaíoch don ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫, ba cheart go nglacfadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an COSN ar bhonn togra ón gCoimisiún ~~a bheadh bunaithe ar dhréacht~~ ⇨ bunaithe ar rannchuidiú ⇦ a chuirfeadh EIT ar fáil.

↓ 294/2008 aithris 7
⇨ nua

(6) ⇨ I gcomhréir le clár réime an Aontais lena dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht, ⇦ ba cheart go dtabharfadh gníomhaíochtaí EIT aghaidh ar dhúshláin fhadtéarmacha straitéiseacha na nuálaíochta san Eoraip, go háirithe i réimsí trasdisciplíneacha nó idirdhisciplíneacha, lena n-áirítear iad siúd atá sainaitheanta cheana féin ar leibhéal na hEorpa. Agus sin á dhéanamh aige, ba cheart do EIT idirphlé tráthrialta a chothú leis an tsochaí shibhialta.

↓ 294/2008 aithris 8

(7) Ba cheart go dtabharfadh EIT tús áite d'aistriú a cuid gníomhaíochtaí ardoideachais, taighde agus nuálaíochta chuig an gcomhthéacs gnó agus dá gcur i bhfeidhm tráchtála, agus do thacú le cuideachtaí nuathionscanta, le cuideachtaí seachthairbheacha agus le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a chur ar bun chomh maith.

↓ 294/2008 aithris 9 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(8) Ba cheart go bhfeidhmeodh EIT go príomha trí mheán C~~c~~omhpháirtíochtaí feabhas-tiomáinte~~,~~ ⌦ agus ⌫ uathrialaitheacha ⇨ Eorpacha ar mhórscála ⇦ d'institiúidí ardoideachais, d'eagraíochtaí taighde, de chuideachtaí agus de gheallsealbhóirí eile, i bhfoirm líonraí straitéiseacha inbhuanaithe agus féinchothaitheacha fadtéarmacha sa phróiseas nuálaíochta. Ba cheart go roghnódh Bord Rialaithe EIT na comhpháirtíochtaí sin~~eo~~ ar bhonn próiseas thrédhearcach agus feabhas-bhunaithe ⇨ , i gcomhréir le critéir chlár réime an Aontais lena dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht maidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha a roghnú, ⇦ agus ba cheart go n-ainmneofaí iad mar ~~Phobail Eolais agus Nuálaíochta (dá ngairfear~~ PENanna ~~anseo feasta)~~.

⇩ nua

(9) Agus sainiúlacht na PENanna á gcur san áireamh, ní mór foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha íosta speisialta le PEN a bhunú, de mhaolú ó na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh de chuid chlár réime an Aontais lena dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh go mbeidh gá le rialacha sonracha i dtaca le húinéireacht, le cearta rochtana, agus le saothrú agus le leathadh maidir le gníomhaíochtaí breisluacha PENanna.

---

🡻 294/2008 aithris 9
⇨ nua

(10) Ba cheart don Bhord Rialaithe gníomhaíochtaí EIT a stiúradh chomh maith ⇨ agus comhordú a dhéanamh ar an tuairisciú ar an monatóireacht agus meastóireacht ⇦ ~~agus meastóireacht a dhéanamh~~ ar ghníomhaíochtaí na PENanna ⇨ i gcomhréir le forálacha chlár réime an Aontais lena dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht ⇦ . Ba cheart go mbeadh cothromaíocht i measc bhaill an Bhoird Rialaithe ó thaobh taithí ar shaol an ghnó, ar shaol an ardoideachais agus/nó ar shaol an taighde agus ó thaobh taithí ar earnáil na nuálaíochta chomh maith.

---

🡻 294/2008 aithris 10

(11) D'fhonn cur le hiomaíochas agus d'fhonn mealltacht idirnáisiúnta gheilleagar na hEorpa agus a chumas nuálaíochta a athneartú, ba cheart go mbeadh EIT agus na PENanna in ann eagraíochtaí comhpháirtíochta, taighdeoirí agus mic léinn a mhealladh as gach cearn den domhan, lena n-áirítear trína soghluaisteacht a spreagadh, agus comhoibriú le heagraíochtaí tríú tíortha chomh maith.

---

🡻 294/2008 aithris 11
⇨ nua

(12) Ba cheart go mbeadh an caidreamh idir EIT agus na PENanna bunaithe ar chomhaontuithe ~~conarthacha~~ ⇨ creat-chomhaontuithe agus comhpháirtíochta ⇦ , ina leagfar cearta agus oibleagáidí na PENanna amach, ina n-áiritheofar leibhéal sásúil comhordaithe agus ina leagfar an mheicníocht amach chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar fhothorthaí na PENanna. ⇨ Ba cheart go ndéanfar a áirithiú tríd an gcreat-chomhaontú comhpháirtíochta leanúnachas ranníocaíocht airgeadais EIT le PEN tar éis an creat airgeadais ilbhliantúil faoi seach. De mhaolú ar Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] (an 'Rialachán Airgeadais'), ba cheart go mbeadh EIT in ann creat-chomhaontú comhpháirtíochta a bhunú le haghaidh tréimhse tosaigh seacht mbliana agus é a shíniú thar an tréimhse sin ar feadh tréimhse eile nach faide ná seacht mbliana í. ⇦

---

[12] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

🡻 294/2008 aithris 12 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(13) Is gá tacú leis an ardoideachas mar dhlúthchuid de straitéis chuimsitheach i leith na nuálaíochta, cé gur minic a fhágtar ar lár í. Ba cheart go bhforálfadh ~~an comhaontú~~ ⌦ na comhaontuithe ⌫ ⇨ comhpháirtíochta agus creat-chomhaontuithe ⇦ idir EIT agus na PENanna gur cheart go mbronnfadh na hinstitiúidí ardoideachais rannpháirteacha na céimeanna agus na dioplómaí a bhronnfaí trí na PENanna, agus ba cheart go spreagfaí na hinstitiúidí seo freisin chun céimeanna agus dioplómaí EIT a chur mar theideal orthu. ⇨ Ina theannta sin, ba cheart do EIT raon feidhme chéimeanna agus dhioplómaí a bhfuil PEN á thabhairt mar theideal orthu a neartú agus a leathnú d’fhonn an t-aitheantas atá orthu lasmuigh den Phobal EIT a mhéadú. ⇦ Ba cheart go gcabhródh EIT, trí mheán a chuid gníomhaíochtaí agus a chuid oibre, le soghluaisteacht a chur chun cinn ⇨ do mhic léinn, do thaighdeoirí agus do bhaill foirne ⇦ ~~laistigh den Réimse Eorpach Taighde agus den Réimse Ardoideachais agus go spreagfadh sí inaistritheacht na ndeontas a bhronntar ar thaighdeoirí agus ar mhic léinn i gcomhthéacs na bPENanna chomh maith.~~. Ba cheart go gcuirfí na gníomhaíochtaí si~~eo~~n uile i gcrích gan dochar do Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ~~an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint~~[13].

🡻 294/2008 aithris 13

~~Ba cheart go leagfadh an EIT amach treoirlínte soiléire agus trédhearcacha chun maoin intleachtúil a bhainistiú agus ba cheart go gcothódh na treoirlínte sin úsáid maoine intleachtúla i ndálaí iomchuí. Ba cheart go bhforálfaí sna treoirlínte sin go dtabharfaí aird chuí ar na ranníocaíochtaí atá le déanamh ag eagraíochtaí comhpháirtíochta éagsúla na bPENanna, beag beann ar mhéid na n-eagraíochtaí sin. I gcás na gníomhaíochtaí a bheith á maoiniú faoi Chláir Réime an Chomhphobail do Thaighde agus d’Fhorbairt Theicneolaíoch, ba cheart go mbeadh feidhm ag rialacha na gclár sin.~~

🡻 294/2008 aithris 14 (oiriúnaithe)

(14) Ba cheart forálacha iomchuí a dhéanamh chun dliteanas agus trédhearcacht EIT a áirithiú. Ba cheart rialacha iomchuí chun ⌦ rialachas agus ⌫ feidhmiú EIT a ~~rialú~~ ⌦ rialáil ⌫ a leagan síos i Reachtanna EIT.

🡻 294/2008 aithris 15 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(15) Ba cheart go mbeadh pearsantacht dhlítheanach ag EIT agus, d’fhonn a huathrialaitheacht fheidhmiúil agus a neamhspleáchas ⇨ ar údaráis náisiúnta agus ar bhrúnna seachtracha, ⇦ a áirithiú, ba cheart go riarfadh sé a buiséad féin, ar cheart go mbeadh ranníocaíocht ón ~~gComhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ mar chuid dá ioncam.

[13] Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22). ~~Treoir arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1430/2007 ón gCoimisiún (IO L 320, 6.12.2007, lch. 3).~~

⇓ 294/2008 aithris 16 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(16) Ba cheart go ndéanfadh an EIT ranníocaíocht mhéadaitheach airgeadais a bhailiú ón earnáil phríobháideach agus ó ioncam a chruthaítear lena cuid gníomhaíochtaí féin. Dá réir sin, Ttá súil go ndéanfaidh na hearnálacha tionscail, airgeadais agus seirbhíse ranníocaíocht shuntasach le buiséad an EIT agus go háirithe le buiséad na PENanna. Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag na PENanna sciar na ranníocaíochtaí ón earnáil phríobháideach a uasmhéadú ⇨ agus inbhuanaitheacht airgeadais a bhaint amach ⇦ . Ba cheart go bhfógródh na PENanna agus a n-eagraíochtaí comhpháirtíochta go bhfuiltear ag tabhairt faoina ngníomhaíochtaí i gcomhthéacs EIT agus go bhfaigheann siad ranníocaíocht airgeadais ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

⇓ 294/2008 aithris 17

Ba cheart go maoineodh ranníocaíocht an Chomhphobail leis an EIT na costais a eascraíonn as bunú agus as gníomhaíochtaí riaracháin agus comhordaithe an EIT agus na bPENanna. D'fhonn maoiniú dúbailte a sheachaint, ba cheart nach mbainfeadh na gníomhaíochtaí sin sochar comhuaineach as ranníocaíocht ó chláir Chomhphobail eile, amhail an Clár Réime do Ghníomhaíochtaí Taighde, Forbartha Teicneolaíche agus Taispeána, an Clár Réime d'Iomaíochas agus Nuálaíocht, an Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil nó ó na Cistí Struchtúracha. Thairis sin, i gcás ina ndéanfaidh PEN nó a eagraíochtaí comhpháirtíochta iarratas díreach ar chúnamh Comhphobail ó na cláir nó ó na cistí sin, ba cheart go gcaithfí lena n-iarratais gan aon fhabhar a léiriú ina leith seachas iarratais eile.

⇓ 294/2008 aithris 18 (oiriúnaithe)

(17) Ba cheart go mbeadh feidhm ag nós imeachta buiséid an Chomhphobail ⌦ Aontais ⌫ a mhéid a bhaineann sé le fóirdheontas an Chomhphobail agus le haon fhóirdheontas eile ⌦ ranníocaíocht airgeadais ón Aontas ⌫ is infheidhme ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh Ba cheart go ndéanfadh an Chúirt Iniúchóirí iniúchadh ar na cuntais i gcomhréir leis an ⌦ Rialachán Airgeadais ⌫ le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme ar bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach.[14].

⇓ 294/2008 aithris 19

Bunaítear leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais don tréimhse 2008 go 2013 a bheidh mar phríomhthagairt don údarás buiséadach, de réir bhrí phointe 37 den Chomhaontú Idir-Institiúideach an 17 Bealtaine 2006 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach agus bainistíocht fhónta airgeadais[15].

---

7. ~~Aistreofar doiciméid agus foilseacháin oifigiúla an EIT i gcomhréir le~~ ⇨Beidh feidhm ag ⇦ Rialachán Uimh. 1 ⌦ ón gComhairle ⌫ an 15 Aibreán 1958~~lena gcinntear na teangacha a úsáidfidh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa~~[23] ⇨ maidir le EIT ⇦ .. Is é an Lárionad Aistriúcháin do chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2965/1994 ón gComhairle[24], a chuirfidh ⌦ ar fáil ⌫ na seirbhísí aistriúcháin ~~a theastóidh~~ ⌦ is gá i gcomhair fheidhmiú EIT ⌫~~ ar fáil~~.

*Airteagal 17~~14~~*

~~*Acmhainní airgeadais*~~ ⌦ **Na PENanna a mhaoiniú** ⌫

~~1. Maoineofar an EIT le ranníocaíocht ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh laistigh den imchlúdach airgeadais a leagtar amach in Airteagal 19 agus ó fhoinsí príobháideacha agus poiblí eile.~~

---

🡻 1292/2013 Airteagal 1.11(a) (oiriúnaithe)
⇨ nua

1~~2~~. Maoineofar na PENanna ó na foinsí seo a leanas, go háirithe:

(a) ranníocaíochtaí ó eagraíochtaí comhpháirtíochta, a bheidh ina bhfoinse shubstaintiúil maoinithe;

(b) ranníocaíochtaí deonacha ó na Ballstáit, ⌦ ó thíortha comhlachaithe ⌫ nó ó thríú tíortha nó ó údaráis phoiblí laistigh díobh sin;

(c) ranníocaíochtaí ó chomhlachtaí idirnáisiúnta nó ó institiúidí idirnáisiúnta;

(d) ioncam a ghintear trí shócmhainní dílse agus trí ghníomhaíochtaí dílse PENanna agus trí ríchíosanna ó chearta maoine intleachtúla;

(e) dearlaicí caipitil~~, lena n-áirítear na cinn sin atá á mbainistiú ag Fondúireacht EIT~~;

(f) tiomnachtaí, deonacháin agus ranníocaíochtaí ó dhaoine aonair, ó institiúidí, ó fhondúireachtaí nó ó aon chomhlachtaí ~~náisiúnta~~ eile ⌦ arna mbunú faoin dlí náisiúnta ⌫ ;

(g) an ranníocaíocht ó EIT;

---

22 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

23 Rialachán Uimh. 1 an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha a úsáidfear i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 17, 6.10.1958, lch. 385). ~~Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1791/2006 (IO L 363, 20.12.2006, lch. 1).~~

24 Rialachán (CE) Uimh. 2965/1994 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 lena mbunaítear Lárionad Aistriúcháin do chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (IO L 314, 7.12.1994, lch. 1). ~~Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1645/2003 (IO L 245, 29.9.2003, lch. 13).~~

(h) ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear iad sin arna maoiniú ó bhuiséad ginearálta an Aontais.

~~D'fhéadfadh ranníocaíochtaí comhchineáil a bheith san áireamh le ranníocaíochtaí.~~

---

🡻 294/2008

2~~3~~. Saineofar na rialacha mionsonraithe chun rochtain a fháil ar mhaoiniú ó EIT i rialacha airgeadais EIT dá dtagraítear in Airteagal 22~~1~~(1).

---

⇩ nua

3. Gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí ar faide ná aon bhliain airgeadais amháin iad, féadfar iad a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta, ach faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar riachtanais airgeadais na PENanna, riachtanais a bhunófar ar bhonn bliantúil.

---

🡻 1292/2013 Airteagal 1.11(b)
⇨ nua

4. Féadfar suas le 100 % de chostais incháilithe iomlána ghníomhaíochtaí breisluacha PEN a chumhdach le ranníocaíocht EIT le PENanna ⇨ i gcéimeanna tosaigh PEN ⇦ . ⇨ Le himeacht ama laghdófar ranníocaíocht den sórt sin de réir a chéile i gcomhréir le rátaí cómhaoiniúcháin a shainmhínítear in COSN. ⇦

---

🡻 294/2008 (oiriúnaithe)
⇨ nua

5. Féadfaidh na PENanna nó a n-eagraíochtaí comhpháirtíochta iarratas a dhéanamh ar ~~chúnamh Comhphobail~~⌦ ranníocaíocht ón Aontas ⌫, go háirithe faoi chuimsiú cláir agus cistí ~~Comhphobail~~⌦ de chuid an Aontais ⌫, i gcomhréir lena rialacha faoi seach ~~agus ar bhonn comhionannais le hiarratais eile~~. Sa chás sin, ⌦ le ranníocaíocht ⌫ ⌦ ní chumhdófar na costais chéanna ⌫ ~~ní shannfar cúnamh den sórt sin le haghaidh gníomhaíochtaí~~ atá á maoiniú ~~ó bhuiséad ginearálta an~~ ⌦ faoi chlár eile de chuid an ⌫ Aontais ~~Eorpaigh~~ cheana féin.

---

🡻 1292/2013 Airteagal 1.11(c)

~~6. Ní rachaidh ranníocaíocht EIT, ar an meán, thar 25 % de mhaoiniú iomlán PEN.~~

---

⇩ nua

6. Ranníocaíochtaí ó eagraíochtaí comhpháirtíochta chun na PENanna a mhaoiniú, cinnfear iad i gcomhréir leis na rátaí cómhaoiniúcháin dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo agus léireoidh siad straitéis PENanna um inbhuanaitheacht airgeadais.

↓ 1292/2013 Airteagal 1.11(c) (oiriúnaithe)
⇨ nua

7. Bunóidh EIT sásra athbhreithnithe ⌦ um leithdháileadh ⌫ iomaíoch chun cion iomchuí dá ranníocaíocht a leithdháileadh ⌦ dheonú ⌫ ar PENanna. Áireofar leis measúnú phleananna gnó agus fheidhmíocht na PENanna mar a thomhaistear iad trí fhaireachán leanúnach ⇨ , agus go háirithe tríd an dul chun cinn a bheidh déanta acu inbhuanaitheacht airgeadais a bhaint amach ⇦ .

↓ 1292/2013 Airteagal 1.12 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 1815*

**Clárú agus tuairisciú**

1. Glacfaidh EIT ⇨doiciméad clársceidealaithe aonair⇦ clár saothair rollach tríbhliantúil, a bheidh bunaithe ar an COSN, ⇨ i gcomhréir lena rialacha airgeadais ⇦ a luaithe a ghlacfar é, ina mbeidh ⌦ an méid seo a leanas: ⌫

(a) ráiteas maidir le mórthosaíochtaí agus le mórthionscnaimh bheartaithe EIT agus PENanna;,

(b)lena n-áirítear meastachán ar riachtanais mhaoinithe agus ar fhoinsí maoinithe;

(c) Beidh táscairí iomchuí ann freisinchun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na PENanna agus EIT, agus úsáid á baint as cur chuige dírithe ar thorthaí ⌦ an toradh ⌫; Cuirfidh EIT an réamhchlár saothair rollach tríbhliantúil faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig den bhliain a chríochnaíonn dhá bhliain roimh theacht i bhfeidhm an chláir saothair rollaigh thríbhliantúil i dtrácht (bliain N - 2).

⇩ nua

(d) comhpháirteanna eile mar a leagtar síos ina rialacha airgeadais.

↓ 1292/2013 Airteagal 1.12 (oiriúnaithe)
⇨ nua

Tabharfaidh an Coimisiún tuairim i leith chuspóirí sonracha EIT mar a shainítear in "Fís 2020" agus a chomhlántachtaí le beartais agus le hionstraimí an Aontais laistigh de thrí mhí tar éis tíolacadh an chláir oibre. Tabharfaidh EIT aird chuí ar thuairim an Choimisiúin, agus i gcás easaontais tabharfaidh sé údar maith lena seasamh féin. Tarchuirfidh EIT an clár saothair deiridh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, mar eolas. Arna iarraidh sin, cuirfidh an Stiúrthóir an clár oibre deiridh faoi bhráid an choiste fhreagraigh de chuid Pharlaimint na hEorpa.

2. Glacfaidh EIT tuarascáil bhliantúil ⇨ chomhdhlúite ⇦ ⌦ gníomhaíochta ⌫ faoin 30 Meitheamh gach bliain. Leagfar amach sa tuarascáil ⌦ , ar tuarascáil í ina n-áireofar faisnéis

chuimsitheach ar ⌫ na gníomhaíochtaí a reáchtáil EIT agus PENanna i gcaitheamh na bliana roimhe sin agus ⇨ ar rannchuidiú EIT i dtaca le cuspóirí chlár réime an Aontais lena dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht, agus ⇦ ⌦ le beartais agus cuspóirí an Aontais maidir le nuálaíocht, taighde agus oideachas. Chomh maith leis sin ⌫ déanfar na torthaí a mheasúnú inti maidir leis na cuspóirí, leis na táscairí agus leis an amchlár a socraíodh, leis na rioscaí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích, le húsáid acmhainní agus le hoibriú ginearálta EIT. ⇨ Áireofar leis an tuarascáil bhliantúil gníomhaíochta chomhdhlúite faisnéis chuimsitheach eile i gcomhréir le rialacha airgeadais EIT. ⇦ ~~Tarchuirfidh EIT an tuarascáil bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus cuirfidh sé iad ar an eolas uair amháin sa bhliain ar a laghad faoi ghníomhaíochtaí EIT, faoina rannchuidiú le "Fís 2020" agus le beartais agus cuspóirí an Aontais i leith nuálaíochta, taighde agus oideachais.~~

---

↓ 294/2008 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 19~~16~~*

**Faireachán agus meastóireacht ar EIT**

1. Áiritheoidh EIT go ndéanfar monatóireacht leanúnach agus córasach agus meastóireacht neamhspleách thráthrialta ar a ghníomhaíochtaí, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí a bhainistítear de bhíthin PENanna, ⇨ i gcomhréir lena rialacha airgeadais ⇦, d'fhonn a áirithiú go mbainfear amach fothorthaí den chaighdeán is airde, sármhaitheas eolaíochta agus an úsáid acmhainní is éifeachtaí is féidir. Foilseofar fothorthaí na meastóireachtaí.

2. ~~Faoi Mheitheamh 2011 agus gach trí bliana i ndiaidh teacht i bhfeidhm don chreat airgeadais nua~~, F~~f~~orálfaidh an Coimisiún maidir le ~~meastóireacht~~ ⌦ meastóireachtaí ⌫ ar EIT ⇨ le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha a roghnófar ar bhonn nós imeachta a bheidh trédhearcach i gcomhréir lena rialacha airgeadais ⇦ . ~~Bunófar seo ar mheastóireacht sheachtrach neamhspleách, agus~~⌦ Leis na meastóireachtaí sin, ⌫ scrúdófar an chaoi ina gcomhlíonann EIT a mhisean~~,~~. ~~Cumhdóidh sé~~ ⌦ cumhdóóidh siad ⌫ gníomhaíochtaí uile EIT agus na PENanna ~~déanfaidh sé~~ ⌦ déanfaidh siad ⌫ breisluach ⇨ Eorpach ⇦ EIT a mheasúnú, mar aon le tionchar, le héifeachtúlacht, le hinbhuaine, le héifeachtacht agus le hábharthacht na ngníomhaíochtaí ar tugadh fúthu agus ~~an bhaint atá acu~~ ⇨ a chomhleanúnaí ⇦ agus/nó a chomhlántaí agus atá siad le beartais ⇨ ábhartha ⇦ náisiúnta agus ~~Chomhphobail atá ann~~ ⌦ de chuid an Aontais ⌫ ⇨ , lena n-áirítear sineirgí le codanna eile de chlár réime an Aontais lena dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht ⇦ ~~, chun tacú le hardoideachas, le taighde agus le nuálaíocht.~~. ~~Cuirfear~~ ⌦ Cuirfidh siad ⌫ tuairimí páirtithe leasmhara san áireamh, ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal náisiúnta araon ⇨ agus bainfear leas astu i meastóireachtaí an chláir de chuid an Choimisiúin dá bhforáiltear i gclár réime an Aontais lena dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht ⇦ .

---

↓ 1292/2013 Airteagal 1.13(b) (oiriúnaithe)
⇨ nua

3~~2 a~~. Féadfaidh an Coimisiún tabhairt faoi bhreis meastóireachtaí ar théamaí nó ar ábhair atá ábhartha go straitéiseach, le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha ⇨ ar saineolaithe iad

a roghnófar ar bhonn próiseas trédhearcach ⇦ , chun scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag EIT i dtreo na gcuspóirí a leagtar síos, chun na fachtóirí a chuireann le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a shainaithint agus chun na cleachtais is fearr a shainaithint. ~~Agus an méid sin á dhéanamh aige,~~ ⌦ Agus na meastóireachtaí breise sin á ndéanamh aige ⌫ , déanfaidh an Coimisiún an tionchar riaracháin ar EIT agus ar PENanna a bhreithniú go hiomlán.

---

↓ 294/2008 (oiriúnaithe)

4~~3~~. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na ⌦ meastóireachtaí ⌫ ~~meastóireachta~~, ~~maille lena~~ ⌦ agus ⌫ a ⌦ bharúlacha in éineacht leo ⌫ ~~thuairim féin agus, i gcás inarb iomchuí, aon tograí chun an Rialachán seo a leasú~~, ~~chuig~~ ⌦ in iúl ⌫ do Pharlaimint na hEorpa, ~~chuig an~~ don ~~g~~Chomhairle, ~~chuig~~ do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ~~chuig~~ do Choiste na Réigiún. Tabharfaidh an Bord Rialaithe aird chuí ar thorthaí na meastóireachtaí i gcláir agus in oibríochtaí EIT.

---

↓ 294/2008 (oiriúnaithe)

*~~Airteagal 18~~*

**~~An chéim thosaigh~~**

~~1. Laistigh de dhá mhí dhéag i ndiaidh a bhunaithe, cuirfidh an Bord Rialaithe an dréacht den chéad chlár saothair rollach tríbhliantúil, dá dtagraítear in Airteagal 15(a), faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, faoi bhráid na Comhairle agus faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, ar a seal, tuairim a chur chuig an mBord Rialaithe maidir le hábhar ar bith a chumhdaítear sa dréacht sin laistigh de thrí mhí ón lá a bhfuair siad é. I gcás ina gcuirtear tuairimí den sórt sin chuige, tabharfaidh an Bord Rialaithe freagra laistigh de thréimhse trí mhí, ina léireofar aon choigeartuithe a dhéanfar sna tosaíochtaí agus sna gníomhaíochtaí a bheartaítear.~~

~~2. Laistigh de thréimhse ocht mí dhéag ó dháta bunaithe an Bhoird Rialaithe, roghnóidh agus ainmneoidh an EIT dhá nó trí PEN i gcomhréir leis na critéir agus na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 7.~~

~~3. Cuirfidh an Coimisiún an togra don chéad COSN, a bheidh bunaithe ar an dréacht a chuirfidh an EIT ar fáil, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle roimh dheireadh 2011.~~

~~Chomh maith le hábhar COSN i gcomhréir le hAirteagal 17, beidh an méid seo a leanas sa chéad COSN:~~

~~(a) sonraíochtaí mionsonraithe agus téarmaí tagartha mionsonraithe maidir le hoibriú an EIT;~~

~~(b) na rialacha mionsonraithe a bhaineann le comhoibriú idir an Bord Rialaithe agus na PENanna;~~

~~(c) rialacha mionsonraithe mhaoiniú na bPENanna.~~

~~4. Tar éis ghlacadh an chéad COSN i gcomhréir le hAirteagal 17(4), féadfaidh an Bord Rialaithe PENanna breise a roghnú agus a ainmniú de bhun fhorálacha Airteagal 6 agus Airteagal 7.~~

↓ 1292/2013 Airteagal 1.15 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 20~~19~~*

**~~Gealltanais bhuiséadacha~~ ⌦ Buiséad EIT ⌫**

~~1. Déantar leis seo an t-imchlúdach airgeadais ó "Fís 2020" chun an Rialachán seo a chur chun feidhme don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020 a shocrú mar EUR 2711,4 milliún i bpraghsanna reatha.~~

---

⇩ nua

1. Beidh ranníocaíocht ón Aontas mar chuid d'ioncam EIT. Maidir le hioncam EIT, féadfaidh go mbeidh ranníocaíocht ó fhoinsí príobháideacha agus ó fhoinsí poiblí eile ann freisin.

Féadfar ranníocaíocht an Aontais a sholáthar trí bhíthin ranníocaíocht ó chlár réime an Aontais lena dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht agus trí bhíthin cláir eile de chuid an Aontais, gan dochar do na méideanna a chinnfear sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil faoi seach.

---

↓ 1292/2013 Airteagal 1.15
⇨ nua

~~2. Is é a bheidh sa mhéid sin ná an phríomhthagairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh, de réir bhrí phointe 17 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais[25].~~

2~~3~~. ~~Údaróidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leithreasuithe bliantúla faoi theorainn an chreata airgeadais.~~ Soláthrófar ranníocaíocht EIT leis na PENanna ~~faoin imchlúdach airgeadais seo~~ ⇨ ó ranníocaíocht an Aontais dá dtagraítear i mír 1 ⇦ .

---

↓ 294/2008
⇨ nua

*Airteagal 21~~20~~*

**An buiséad bliantúil a ullmhú agus a ghlacadh**

1. ⇨ Bunófar ábhar agus struchtúr bhuiséad EIT i gcomhréir lena rialacha airgeadais. ⇦ Cuimseoidh caiteachas EIT na costais foirne, riaracháin, bhonneagair agus oibríochta. Coinneofar caiteachas riaracháin chomh híseal agus is féidir.

~~2. Comhfhreagróidh an bhliain airgeadais don bhliain féilire.~~

[25] ~~IO L 373, 20.12.2013, lch. 1.~~

23. Dréachtóidh an Stiúrthóir meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas EIT don bhliain airgeadais dár gcionn agus cuirfidh sé ar aghaidh chuig an mBord Rialaithe é.

4. Beidh ioncam agus caiteachas ar comhardú.

↓ 1292/2013 Airteagal 1.16(a)
⇨ nua

35. Glacfaidh an Bord Rialaithe an dréachtmheastachán ⇨ d'ioncam agus de chaiteachas EIT ⇦ , a mbeidh dréachtphlean bunaíochta, agus an réamhchlár saothair rollach tríbhliantúil ag gabháil leis agus cuirfear ar aghaidh iad chuig ⇨Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus ⇦ chuig an gCoimisiún ⇨ mar chuid den doiciméad clársceidealaithe amháin faoin dáta a shonraítear i rialacha airgeadais EIT ⇦ faoin 31 Nollaig de bhliain N - 2.

↓ 1292/2013 Airteagal 1.16(b)

6. Ar bhonn an mheastacháin sin, cuirfidh an Coimisiún na meastacháin a mheasfaidh sé a bheith riachtanach do mhéid an fhóirdheontais a bheidh le gearradh ar an mbuiséad ginearálta isteach i ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais.

↓ 294/2008 (oiriúnaithe)

7. Údaróidh an t-údarás na leithreasaí maidir leis an bhfóirdheontas don EIT.

48. Glacfaidh an Bord Rialaithe buiséad EIT, a ndéanfar buiséad críochnaitheach de tar éis ghlacadh críochnaitheach bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. I gcás inarb iomchuí, coigeartófar é dá réir.

59. Tabharfaidh an Bord Rialaithe fógra don údarás buiséadach, a luaithe is féidir, faoi aon tionscadal atá ar intinn aige a chur chun feidhme a bhféadfadh impleachtaí suntasacha airgeadais a bheith aige ar mhaoiniú bhuiséad EIT, go háirithe aon tionscadail a bhaineann le maoin amhail foirgnimh a fháil ar cíos nó a cheannach. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin.

610. Leanfaidh aon leasú suntasach a dhéanfar ar an mbuiséad an nós imeachta céanna.

*Airteagal 2221*

**Cur chun feidhme agus rialú an bhuiséid**

1. Glacfaidh EIT a rialacha airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 185(1) 70(3) den ⌦ Rialachán Airgeadais ⌫ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002. Ní fhéadfaidh na rialacha airgeadais sin imeacht ó Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2343/2002 seachas má éilíonn riachtanais sonracha oibríochta an EIT é sin agus má fhaigheann siad toiliú roimh ré ón gCoimisiún. Tabharfar aird chuí ar an ngá atá le solúbthacht oibríochtúil leordhóthanach d'fhonn go mbeidh EIT in ann a cuspóirí a bhaint amach agus comhpháirtithe ón earnáil phríobháideach a mhealladh agus a choinneáil.

↓ 1292/2013 Airteagal 1.17(a) (oiriúnaithe)
⇨ nua

21a. CuirfearDéanfar an ranníocaíocht airgeadais le EIT ⇨ ó chlár réime an Aontais lena dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht agus ó chláir eile de chuid an Aontais ⇦ a chur chun feidhme i gcomhréir le ⇨ rialacha na gclár sin ⇦ le Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013.

↓ 294/2008

32. Cuirfidh an Stiúrthóir buiséad EIT chun feidhme.

43. Comhdhlúthófar cuntais EIT le cuntais an Choimisiúin.

↓ 1292/2013 Airteagal 1.17(b)

4. Ar mholadh ón gComhairle, tabharfaidh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh i leith bhliain N don Stiúrthóir maidir le cur chun feidhme bhuiséad EIT le haghaidh bhliain n roimh 15 Bealtaine de bhliain nN + 2.

↓ 294/2008 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 2322*

**Leasanna airgeadais an Chomhphobail ⌦ Aontais ⌫ a chosaint**

1. D'fhonn calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, beidh feidhm maidir le EIT ina iomláine ag Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)[26] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27].

2. Aontóidh EIT don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le fiosruithe inmheánacha na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF)[28]. Déanfaidh an Bord Rialaithe an t-aontú sin a chur ar bhonn foirmiúil agus glacfaidh sé na bearta is gá chun cuidiú le OLAF fiosruithe inmheánacha a dhéanamh.

3. Forálfaidh gach cinneadh a ghlacfaidh EIT agus gach conradh ⇨ gach creat-chomhaontú comhpháirtíochta nó gach comhaontú deontais ⇦ a chuirfidh EIT i gcrích, go sonrach, go bhféadfaidh OLAF agus an Chúirt Iniúchóirí cigireacht ar an láthair a dhéanamh

[26] IO L 136, 31.5.1999, lch. 1.
[27] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).
[28] IO L 136, 31.5.1999, lch. 15.

ar dhoiciméid gach conraitheora agus gach fochonraitheora a bhfuil maoiniú ~~Comhphobail~~ ⌦ an Aontais ⌫faighte acu, lena n-áirítear ag áitreabh na dtairbhithe deiridh.

---

| ↓ 1292/2013 Airteagal 1.19 ⇨ nua |
|---|

*Airteagal 24~~22 a~~*

**Foirceannadh EIT**

I gcás ina ndéanfar EIT a fhoirceannadh, déanfar í a leachtú faoi mhaoirseacht an Choimisiúin i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme. Is iad na ⇨ creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta nó na ⇦ comhaontuithe deontais le PENanna ~~agus an ionstraim lena mbunaítear Fondúireacht EIT~~ a leagfaidh síos na forálacha iomchuí i gcás den sórt sin.

---

| ↓ 294/2008 ⇨ nua |
|---|

*Airteagal 25~~23~~*

**Reachtanna**

~~Glactar leis seo~~ Leagtar amach Reachtanna EIT ~~, mar a leagtar amach~~ in ~~san~~ Iarscríbhinn I.

---

| ⇩ nua |
|---|

*Airteagal 26*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 294/2008.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn III.

---

| ↓ 294/2008 |
|---|

*Airteagal 27~~24~~*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann (Cnuasach cláir)

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

1.4. Forais an togra/tionscnaimh

*1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

*1.4.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, éifeachtacht mhéadaithe nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é"breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE" an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil ón Aontas ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin*

*1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

*1.4.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

1.5. Fad agus tionchar airgeadais

1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid nua atá beartaithe

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

*3.2.2. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Leasú ar an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), agus

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) 2021-2027 a bhunú

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann (Cnuasach cláir)

Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027)

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

**☐ beart nua**

**☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[29]

**X síneadh ar bheart atá ann cheana**

**☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Forais an togra/tionscnaimh

*1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is dlúthchuid í an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) den togra ón gCoimisiún maidir leis an gclár Fís Eorpach (2021 – 2027) faoi cholún na Nuálaíochta Oscailte ach tá bunús dlí ar leithligh léi (Rialachán maidir le EIT).

Leis an togra Fís Eorpach[30] deimhníodh tábhacht agus rannchuidiú EIT agus a chuid PENanna maidir le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais i réimse na nuálaíochta a bhaint amach. Is ann a mholtar buiséad EIT le haghaidh 2021-2027[31], a raon feidhme, a bhreisluach agus a phríomhréimsí gníomhaíochta, agus luaitear ann ról leasaithe EIT chun a rannchuidiú le cuspóirí an chláir Fís Eorpach a athneartú.

Is é is aidhm don tionscnamh an Rialachán maidir le EIT a chur i gcomhoiriúnacht leis an gclár Fís Eorpach agus feidhmiú EIT a fheabhsú agus ceachtanna a foghlaimíodh ó na blianta a chuaigh thart a chur san áireamh. Is é is aidhm dó freisin Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht (COSN) nua a mholadh, clár oibre ina leagfar amach straitéis agus tosaíochtaí EIT don tréimhse 2021-2027 agus ina saineofar a chuspóirí, a phríomhghníomhaíochtaí, na torthaí a mbeifear ag súil leo agus na hacmhainní is gá.

Is é misean foriomlán EIT don tréimhse 2021-2027 cur le fás eacnamaíoch inbhuanaithe na hEorpa agus le hiomaíochas trí chumas nuálaíochta na mBallstát agus an Aontais a athneartú. Déanfaidh sé sin trí oideachas, taighde agus nuálaíocht den chaighdeán is airde a chur chun cinn agus a chomhtháthú.

---

29 Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

30 COM(2018) 435 críochnaitheach.

31 Airteagal 9(2)(c)(2).

Leanfaidh EIT de bheith ag feidhmiú go príomha trína Phobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna), ar comhpháirtíochtaí mórscála Eorpacha iad lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha shonracha. Leanfaidh sé de na héiceachórais nuálaíochta thart timpeall air a neartú trí bheith ag cothú chomhtháthú thrí thaobh an Triantáin Eolais. Coimeádfaidh gach PEN a struchtúr eagrúcháin féin, struchtúr a bheidh bunaithe ar "Ionaid Chomhlonnaithe", arb iad na hionaid gheografacha iad lena dtugtar le chéile gníomhaithe an Triantáin Eolais agus trína bhféadfar gaireacht gheografach agus comhar níos dlúithe a bheith ann.

Cuirfidh EIT gníomhaíochtaí chun feidhme arb é is aidhm dóibh:

(1) Éiceachórais nuálaíochta inbhuanaithe a neartú ar fud na hEorpa;

(2) Fothú scileanna fiontraíochta agus nuálaíochta a chothú san fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus tacú le claochlú fiontraíochta Institiúidí Ardoideachais an Aontais Eorpaigh;

(3) Réitigh nua ar dhúshláin dhomhanda a thabhairt chuig an margadh.

Forbróidh EIT sineirgí agus cuirfidh sé leis an mbreisluach faoin gclár Fís Eorpach, ach a ghníomhaíochtaí a thabhairt i gcrích. Cuirfear chun feidhme é trí thacaíocht a thabhairt do PENanna agus trí ghníomhaíochtaí a ndéanfaidh EIT comhordú orthu..

*<u>Tacú le PENanna:</u>*

Déanfaidh EIT na hocht PEN atá ann faoi láthair a chomhdhlúthú, cothóidh sé a bhfás agus a dtionchar, agus tacóidh sé lena n-aistriú ionsar an inbhuanaitheacht airgeadais. Go háirithe, bainfidh an méid sin leis an gcéad sraith de thrí PEN a seoladh in 2009 (EIT Climate, EIT Digital agus EIT InnoEnergy) a dtiocfaidh deireadh lena gcreat-chomhaontuithe comhpháirtíochta tar éis 2024.

Seolfaidh EIT dhá PEN nua freisin i réimsí téamacha sonracha chun dul i ngleic leis na dúshláin agus leis na riachtanais shochaíocha dhomhanda a bheidh ann amach anseo (déantar foráil maidir le glaonna in 2021 agus 2024).

Trí bhíthin na nithe seo a leanas, soláthróidh EIT tacaíocht do PENanna a mbíonn punanna de ghníomhaíochtaí an triantáin eolais ar siúl acu:

1- *Gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna* a bhfuil gnéithe láidre fiontraíochta iontu chun an chéad ghlúin eile de dhaoine ardchumasacha a oiliúint, lena n-áirítear cláir a dhearadh agus a chur chun feidhme, cláir a bhfuil lipéad EIT orthu, go háirithe ar leibhéal máistreachta agus dochtúireachta (Lipéad EIT);

2-. *Gníomhaíochtaí lena dtugtar tacaíocht don nuálaíocht* chun forbairt a dhéanamh ar tháirgí agus ar sheirbhísí a thugann aghaidh ar dheis shonrach ghnó;

3- *Cruthú gnó agus gníomhaíochtaí tacaíochta*, amhail scéimeanna luasaire chun cabhrú le fiontraithe fiontair a bhfuil rath orthu a dhéanamh dá gcuid smaointí agus chun dlús a chur leis an bpróiseas fáis.

*<u>Gníomhaíochtaí arna gcomhordú ag EIT:</u>*

Féachfaidh EIT le tacú le hinstitiúidí ardoideachais iad féin a chomhtháthú ar bhonn níos fearr i slabhraí luacha agus in éiceachórais nuálaíochta. Trí bhíthin a PENanna, cuirfidh EIT gníomhaíocht tacaíochta chun feidhme, gníomhaíocht lena ndéantar institiúidí ardoideachais agus príomhghníomhaithe nuálaíochta eile amhail gnólachtaí a thabhairt le chéile i dtionscadail chun bheith ag obair ar réimsí straitéiseacha forbartha cumais. Beidh spriocanna comhchoiteanna ag na comhpháirtithe agus

oibreoidh siad i gcomhar ionsar thorthaí a bheidh tairbhiúil do gach páirtí. Leis an ngníomhaíocht áiritheofar cur chuige cuimsitheach chun institiúidí ardoideachais, nach comhpháirtithe PENanna iad, a mhealladh; cur chuige idirdhisciplíneach idirearnála; agus nasc leis an Straitéis um Speisialtóireacht Chliste de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, le hardáin théamacha ábhartha agus le SNR EIT.

Leis an Scéim Nuálaíochta Réigiúnach agus leis na gníomhaíochtaí nua arna gcomhordú ag EIT, méadóidh EIT a fhor-rochtain réigiúnach nuálaíochta agus a thionchar gaolmhar.

1.4.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, éifeachtacht mhéadaithe nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é"breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE" an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil ón Aontas ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex-ante*)

Mar gheall ar chineál agus ar scála na ndúshlán nuálaíochta, is gá gníomhaithe agus acmhainní a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais tríd an gcomhar trasteorann a chothú. Is gá fáil réidh leis na bacainní atá ann idir disciplíní agus atá feadh na slabhraí luacha agus cruthú timpeallachta fabhraí a chothú, timpeallacht ina ndéanfar eolas agus saineolas a mhalartú go héifeachtach, agus ina ndéanfar fiontraithe ardchumasacha a fhorbairt agus a mhealladh.

I measúnú tionchair an chláir Fís Eorpach sainaithníodh laigí struchtúracha sonracha i gcumas nuálaíochta an Aontais Eorpaigh, laigí ar gá aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal an Aontais agus is air sin a dhíreofaí rannchuidiú EIT. Go háirithe, ní mór d'Institiúidí Ardoideachais Eorpacha an fhiontraíocht a spreagadh, teorainneacha disciplíneacha a shárú agus comhar láidir neamhdhisciplíneach idir na hollscoileanna agus an earnáil thionsclaíoch a bhuanú. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh rochtain ar fhionraithe ardchumasacha, mar aon le rochtain ar sheirbhísí gairmiúla, ar chaipiteal agus ar mhargaí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus go dtabharfar príomhghníomhaithe na nuálaíochta le chéile faoi chuimsiú cuspóir comhchoiteann chun go bhféadfar éiceachóras nuálaíochta a chothú. Is gá iarrachtaí ar fud an Aontais Eorpaigh a chomhordú chun mais chriticiúil de chnuasaigh agus d'éiceachórais fiontraíochta idirnasctha ar fud an Aontais Eorpaigh a fhorbairt. Téann an leibhéal méadaíochta agus scála na hidirghabhála thar an méid is féidir leis na Ballstáit a dhéanamh astu féin agus teastaíonn idirghabháil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

An breisluach ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (*ex-post*)

Meastar go gcomhlíonfaidh EIT a chuspóirí don tréimhse 2021 – 2027 faoi mar a leagtar amach sa togra maidir le Fís Eorpach. Is éard a thiocfaidh as an leas sonrach a bhaineann le hinfheistíocht an Aontais in EIT:
- cruthú timpeallachtaí nua atá fabhrach don chomhar agus don nuálaíocht;
- acmhainneachtaí nuálaíochta níos láidre a bheith ag na hollscoileanna agus ag an earnáil taighde;
- glúin nua fiontraithe;
- cruthú agus forbairt fiontar nuálach;
- for-rochtain réigiúnach níos leithne ar ghníomhaíochtaí nuálaíochta EIT.

*1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Bunaíodh EIT in 2008 chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra shochaíocha trí chumas nuálaíochta agus feidhmíochta an Aontais a fheabhsú. In 2017 thángthas ar an gconclúid i meastóireacht lár téarma EIT go bhfuil EIT an-ábhartha agus go bhfuil breisluach soiléir AE aige fós. Níl aon ionstraim eile ann lena dtógtar líonraí nuálaíochta ar fud an Aontais Eorpaigh i réimsí an oideachais, an taighde, an ghnó agus i réimsí geallsealbhóirí eile.

A bhuí le EIT tá éiceachóras nuálaíochta cruthaithe san Eoraip ina bhfuil breis agus 1200 comhpháirtí ó réimse an ghnó, an taighde agus an oideachais, éiceachóras a eagraíodh in 8 bPobal Eolais agus Nuálaíochta i níos mó ná 40 ionad comhlonnaithe. Léiríonn breis agus 50% de chomhpháirtithe ó earnáil an ghnó (an tionscal, FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta) go bhfuil an ionstraim gar don mhargadh. Bíonn toradh ar Chomhphobal EIT: seoladh breis agus 600 táirge agus seirbhís nua sa mhargadh, tugadh tacaíocht do níos mó ná 1250 gnólacht nuathionscanta agus fiontar nuálach, rinneadh breis agus EUR 890m d'infheistíocht sheachtrach; agus cruthaíodh breis agus 6,000 post. Tá timpeall 1,700 céimí, arb iad na chéad chohóirt iad ó chúrsaí máistreachta faoi lipéad EIT, ag dul isteach sa mhargadh saothair anois.

Toisc gur dearadh EIT ina chomhlacht neamhspleách, is féidir leis a bheith solúbtha, uathrialaitheach, oiriúnaitheach agus dírithe ar ghnó agus cinntí á ndéanamh aige. Is é 4 mhí an t-am chun deontais a thabhairt i gcomparáid leis na 6 mhí a bhí ann ar an meán sa chlár Fís 2020. Leis na rialacha maidir le cistiú iomaíoch, inbhuanaitheacht agus simpliú airgeadais, cothaítear nuálaíocht in PENanna. Tá costais riaracháin EIT an-íseal, is lú ná 2% den bhuiséad iomlán iad i gcomparáid leis an 4.6% ar an meán a tuairiscíodh le haghaidh chlár Fís 2020.

Don tréimhse 2021-2027, is é an aidhm a bheidh go háirithe leis na feabhsuithe a dhéanfar ar EIT:

- Nósanna imeachta a shimpliú a thuilleadh chun PENanna a bhainistiú go héifeachtúil (e.g. sásra comhchistiúcháin a thabhairt isteach, ilbhliantúlacht deontas, etc.).

- Tacú le hinstitiúidí ardoideachais a chomhtháthú níos fearr i slabhraí luacha agus in éiceachórais nuálaíochta

- Dul i ngleic le tuilleadh dúshlán trí dhá PEN nua a sheoladh

- Oscailteacht agus trédhearcacht PENanna a threisiú agus iad a ailíniú leis an gcur chuige beartaithe i gcomhair Comhpháirtíochtaí Eorpacha faoin gclár Fís Eorpach

- Tionchar EIT a mhéadú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil agus go háirithe i dtíortha a bhfuil feidhmíocht nuálaíochta níos ísle acu

- Infheictheacht ghníomhaíocht EIT sna Ballstáit agus níos faide i gcéin a mhéadú

- Na sineirgí agus na comhlántachtaí le hionstraimí eile de chuid an chláir Fís Eorpach, an Aontais agus na mBallstát a mhéadú

*1.4.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Agus é ag cur lena raon feidhme leathan gníomhaíochta agus lena ról faoi leith, is maith atá EIT in ann sineirgí a chruthú agus comhlántachtaí a sholáthar i gcomhar le cláir nó le hionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear trína thacaíocht do PENanna a athneartú maidir lena ngníomhaíochtaí pleanála agus cur chun feidhme.

Sa liosta neamh-uileghabhálach thíos, tugtar samplaí nithiúla de na bealaí a rannchuideoidh EIT le sineirgí sa mheántéarma agus san fhadtéarma laistigh den chlár Fís Eorpach agus lasmuigh de.

Fís Eorpach: Táthar ag súil go mbeidh sineirgí láidre ann idir EIT agus an Clár Fís Eorpach ar fad. Go háirithe, beidh sineirgí le EIC an-tábhachtach don tionchar a bheidh ag an gcolún "Nuálaíocht Oscailte" agus don tacaíocht a thabharfar d'éiceachórais.

Sa Cholún [Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch], is féidir le EIT, trí bhíthin a PENanna, comhoibriú le Comhpháirtíochtaí Eorpacha, rannchuidiú le misin, tacú le bearta atá dírithe ar an éileamh agus seirbhísí saothraithe a sholáthar chun aistriú teicneolaíochta a neartú agus chun dlús a chur le tráchtálú na dtorthaí arna mbaint amach ag na cnuasaigh théamacha nó ag comhpháirtíochtaí Eorpacha eile.

Erasmus: Bunóidh Erasmus agus EIT sineirgí idir a gcomhphobail faoi seach. Leis an gcomhar díreofar ar rochtain ar scoileanna samhraidh PENanna a áirithiú do mhic léinn Erasmus a bhíonn rannpháirteach in institiúidí ardoideachais ar comhpháirtithe PEN iad nó ar ghníomhaíochtaí oiliúna ábhartha eile (mar shampla, fiontraíocht nó bainistíocht nuálaíochta) agus ar theagmhálacha a bhunú le líonra *alumni* na PENanna.

Áiritheofar sineirgí, i gcás inar féidir, le tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha, rud a d'fhéadfadh cuidiú le gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna EIT a phríomhshruthú chun go mbeidh tionchar sistéamach acu.

An Clár don Eoraip Dhigiteach (CED): Comhoibreoidh ionaid chomhlonnaithe PENanna leis na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha chun tacú le claochlú digiteach na n-eagraíochtaí tionscail agus eagraíochtaí san earnáil phoiblí.

Cistí Beartais Comhtháthaithe (go háirithe CFRE agus CSIE+): Trína n-ionaid chomhlonnaithe cuirfidh PENanna EIT comhar réigiúnach agus trasréigiúnach chun cinn idir gníomhaithe an triantáin eolais (oideachas, taighde, gnó) agus na húdaráis bhainistíochta i sineirgíocht le hobair an Choimisiúin Eorpaigh ar chomhar agus infheistíochtaí idir-réigiúnacha i dtosaíochtaí gaolmhara na speisialtóireachta cliste.

InvestEU: Iarrfaidh PENanna EIT comhar Mhol Comhairleach InvestEU chun tacaíocht theicniúil agus cúnamh teicniúil a sholáthar d'fhiontair a fhaigheann tacaíocht ó PENanna chun tionscadail a ullmhú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Eoraip na Cruthaitheachta: Beidh an Clár ábhartha go sonrach do ghníomhaíochtaí PEN nó tionscail chultúrtha agus cruthaitheachta a bheidh ann amach anseo. Leis an gclár forbrófar sineirgí agus comhlántachtaí láidre i réimsí amhail scileanna cruthaitheacha, poist agus samhlacha gnó.

**1.5. Fad agus tionchar airgeadais**

**X tréimhse theoranta**

**X** i bhfeidhm ó [01/01]2021 go [31/12]2027

**X** Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027 do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2021 go 2029 do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[32]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

**X Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

**X** comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

*I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

---

[32] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

Cuirfidh EIT creat meastóireachta agus faireacháin i bhfeidhm a fhágfaidh solúbthacht ar na leibhéil ábhartha uile agus a áiritheoidh comhsheasmhacht le cuspóirí ginearálta an chláir Fís Eorpach agus leis an tionchar atáthar a lorg. Go háirithe, áiritheofar lúba aiseolais idir an Coimisiún, EIT agus PENanna chun na cuspóirí a shaothrú ar bhonn comhsheasmhach, comhleanúnach, éifeachtúil.

FAIREACHÁN

Bunófar faireachán EIT i gcomhréir leis na sraitheanna seo a leanas:

1. Ceann de phríomhchúraimí a bheidh ar EIT, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme a bhuiséid oibriúcháin, go príomha trí bhíthin PENanna. Glacfaidh an Coimisiún páirt i gcomhdhearadh gach uirlise ábhartha tionchair agus faireacháin a fhorbróidh nó a chuirfidh EIT chun feidhme chun comhoiriúnacht agus comhsheasmhacht le córas faireacháin an chláir Fís Eorpach ina iomláine a áirithiú, lena n-áirítear na príomhchonairí tionchair, an creat critéar le haghaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha agus an Phróisis um Pleanáil Straitéiseach.

Ceann de na freagrachtaí a bheidh ar EIT, faireachán rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht oibríochtúil agus ar thorthaí oibríochtúla PENanna agus a chórais faireacháin a athoiriúnú ar bhonn leanúnach. Tabharfar torthaí an fhaireacháin sin san áireamh i bpróisis pleanála gnó PENanna agus i gcinnteoireacht EIT maidir le leithdháileadh an bhuiséid, maidir le hullmhú na gcreat-chomhaontuithe comhpháirtíochta agus maidir leis na comhaontuithe deontais sonracha arb iad PENanna a dtairbhithe.

2. Le faireachán ar ghníomhaíochtaí EIT féin (aschuir, torthaí agus tionchair na ngníomhaíochtaí) comhcheanglófar táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla i bpeirspictíocht mheántéarmach. Tar éis neamhspleáchas iomlán airgeadais a dheonú do EIT in Eanáir 2018, síníodh Meabhrán Tuisceana idir EIT agus an Coimisiún (AS EAC). Leis an Meabhrán Tuisceana sin sainmhínítear na módúlachtaí comhair eatarthu agus na socruithe mionsonraithe a bhaineann le soláthar na ranníocaíochta airgeadais ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le EIT.

Leis an bhfaireachán seo ar ghníomhaíochtaí EIT, rianófar a mhéid a bhaintear amach le COSN agus leis an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair trí anailís a dhéanamh ar a tháscairí. Déanfar tomhas, mar shampla, ar fheidhmíocht EIT maidir le tacaíocht a sholáthar do na PENanna, maidir le tionscadail a nasctar le gníomhaíochtaí arna gcomhordú ag EIT a bhainistiú, ar dhéine agus ar chumhdach na n-imeachtaí múscailte feasachta agus for-rochtana (an líon ceardlann agus imeachtaí maidir leis an gcleachtas is fearr), ar scaipeadh agus ar ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta agus ar thionchar EIT ar chláir oibre níos forleithne na hEorpa maidir le nuálaíocht beartais, taighde agus oideachas.

3.

I gcomhréir le Rialachán EIT agus leis an Rialachán maidir leis an gclár Fís Eorpach, is in 2023 agus in 2026 a dhéanfaidh an Coimisiún na meastóireachtaí tráthrialta ar ghníomhaíochtaí EIT, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a bhainistítear trí bhíthin PENanna. Leis na meastóireachtaí sin, déanfar measúnú ar éifeachtacht,

éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE ghníomhaíochtaí EIT. Bunófar iad ar mheastóireachtaí seachtracha neamhspleácha agus cuirfear san áireamh iad sna meastóireachtaí meántéarmacha agus sna meastóireachtaí *ex-post* a dhéanfar ar an gclár Fís Eorpach ina iomláine d'fhonn sineirgí idir EIT agus codanna eile den chlár a áirithiú. Thairis sin, féadfaidh an Coimisiún meastóireachtaí breise a dhéanamh tráth ar bith ar théamaí nó ar thopaicí atá ábhartha go straitéiseach. Ba cheart sineirgí na ngníomhaíochtaí atá á mbeartú ag EIT le cláir eile de chuid an Aontais a áirithiú trí mheasúnú a dhéanfaidh an Coimisiún ar Dhoiciméad Clársceidealaithe Aonair EIT.

TUAIRISCIÚ

Is comhlacht de chuid an Aontais é EIT a fhaigheann fóirdheontas ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh. Ó thaobh na bainistíochta agus an rialaithe airgeadais de, glacfar le EIT faoi mar a ghlactar le comhlachtaí eile arna mbunú faoin gConradh. Dá réir sin, an Comhaontú Idirinstitiúideach[33] idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, beidh feidhm ag an gcomhaontú sin maidir le EIT.

. A mhéid a bhaineann le tuairisciú ar chur chun feidhme an chórais faireacháin:

• I *nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair (DSA)* EIT, ar doiciméad é a ghlactar go bliantúil, tá clár oibre ilbhliantúil (n+3) agus clár oibre bliantúil (n+1) ann. Leagfar amach sna cláir oibre sin cláreagrú straitéiseach foriomlán le haghaidh bhlianta n+1 go n+3, lena n-áirítear na cuspóirí, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus na táscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar ghnóthachtáil na gcuspóirí agus na dtorthaí. Ina theannta sin, i measc nithe eile beidh meastachán ar a ioncam agus ar a chaiteachas sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair; doiciméad clársceidealaithe acmhainní; faisnéis maidir lena bheartas tógála; straitéis chun gnóthachain éifeachtúlachta agus sineirgí a bhaint amach; straitéis maidir leis an mbainistiú eagrúcháin agus na córais rialaithe inmheánacha lena n-áirítear a straitéis frithchalaoise de réir an leagain is déanaí agus léiriú ar bhearta atá ann chun nach mbeidh coinbhleacht leasa, neamhrialtachtaí agus calaois ann arís.

• Sa *Tuarascáil Bhliantúil Gníomhaíochta* don bhliain roimhe sin (n-1) áireofar torthaí an phróisis faireacháin le haghaidh n-1 agus cuirfear síos inti ar conas a baineadh amach na cuspóirí agus ar a mhéid a baineadh amach iad. Ba cheart don Tuarascáil Bhliantúil Gníomhaíochta Tuarascálacha ar Chostais agus ar Fheidhmíocht an PEN don bhliain roimhe sin (n-1) dá chuid oibríochtaí a chur san áireamh.

Bunaítear dálaí tuairiscithe PENanna faoin gCreat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus faoi na Comhaontuithe Deontais (tuairisciú maidir le feidhmíocht agus costais). Chun an éifeachtúlacht agus an chost-éifeachtúlacht a mhéadú agus ar bhonn na taithí a fuair EIT le linn chur chun feidhme na gcomhaontuithe deontais ag na PENanna, cuirfear roinnt bearta simplithe chun feidhme sa phróiseas bainistithe deontas, bearta a mbeidh de phríomhspriocanna acu an t-ualach oibre riaracháin a laghdú do PENanna agus cur le cáilíocht na sonraí a bhailítear.

[33] COM (2018) 323 críochnaitheach, 2.5.2018

## 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

De bhrí gur comhlacht é atá comhtháthaithe go hiomlán sa chlár Fís Eorpach, déantar sásraí chur chun feidhme an mhaoinithe, na módúlachtaí íocaíochta, agus an straitéis rialaithe bheartaithe a ailíniú leo sin sa chlár Fís Eorpach chun a áirithiú go mbeidh cur chuige comhsheasmhach ann do na tairbhithe agus do na geallsealbhóirí a mhéid a bhaineann le rialacha incháilitheachta agus le bainistíocht fhónta airgeadais.

Agus ráta earráide faoi bhun 2% a bheith go leanúnach aige, bhí feidhmíocht EIT in 2014-2020 ar na feidhmíochtaí is fearr i réimse an taighde, agus a bhuí lena dhearadh saincheaptha, cuimsítear rátaí ísle earráide le cur chuige rialaithe rud a choimeádann costais rialaithe íseal agus coimeádtar an éifeachtacht agus an éifeachtúlacht ag an am céanna trí úsáid cháiréiseach a bhaint as an seachfhoinsiú.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Ag cur san áireamh dó an gá soiléir atá ann an buiséad Eorpach a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil éifeachtach, agus chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú, tá córas rialaithe inmheánach curtha i bhfeidhm ag EIT chun dearbhú réasúnta a thabhairt gur laistigh de na teorainneacha atá beartaithe faoin gclár Fís Eorpach a bheidh an ráta earráide le linn na tréimhse caiteachais ilbhliantúla agus go deimhin go mbeidh an ráta earráide níos ísle ná sin. Le creat rialaithe inmheánach EIT cuirfear freisin le: Caighdeáin Rialaithe Inmheánacha an Choimisiúin, nósanna imeachta EIT féin, seiceálacha *ex-ante* ar 100% de chaiteachas fógartha PENanna arna mhaoiniú ag EIT, deimhnithe iniúchóireachta, deimhniú *ex-ante* ar mhodheolaíochtaí dearbhaithe costas, iniúchtaí *ex-post* ar shampla d'éilimh, torthaí na dtionscadal agus meastóireacht sheachtrach.

Tá an struchtúr eagrúcháin agus na córais agus na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe inmheánacha i bhfeidhm ag EIT a oireann do chomhlíonadh dhualgais EIT. Tá seo déanta i gcomhréir leis na caighdeáin arna nglacadh ag an mBord Rialaithe ar bhonn caighdeáin choibhéiseacha arna leagan síos ag an gCoimisiún, agus ag féachaint go hiomchuí do na rioscaí a bhaineann leis an timpeallacht bhainistíochta agus do chineál na gníomhartha a mhaoinítear.

Is ar bhonn bliantúil a dhéantar Beart maidir le Bainistiú Riosca chun aon riosca a ghabhann le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí uile EIT a mhaolú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do EIT, agus an creat rialaithe inmheánach á bhunú, na rioscaí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme, gnéithe sonracha an daonra agus atarlú na dtairbhithe, minicíocht na ndeontas a dheonaítear agus méid na n-idirbheart a chur san áireamh agus aon fhorluí maoiniúcháin a sheachaint freisin.

A bhuí le roinnt bearta simplithe a cuireadh i bhfeidhm ó 2014 is lú na rátaí earráide. Is ísle i bhfad an ráta earráide a braitheadh de bharr an fhíoraithe *ex-post* ar dheontais EIT ná an leibhéal ábharthachta 2%.

A bhuí leis an gcóras rialaithe arna bhunú ag EIT tá dearbhú réasúnta ann go ndéanfar bainistiú leordhóthanach ar na rioscaí a bhaineann le héifeachtacht agus éifeachtúlacht na n-oibríochtaí, go n-áiritheofar dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo agus go mbainfear amach cothromaíocht idir an t-iontaobhas agus an rialú. Mar chuid den chóras rialaithe arna chur i bhfeidhm ag EIT, tá an

straitéis iniúchóireachta bunaithe ar iniúchadh airgeadais arna dhéanamh ar shampla ionadaíoch den chaiteachas ar fud bhuiséad iomlán EIT, go háirithe trí na deontais bhliantúla arna ndámhachtain ar bhonn bliantúil. Féadfar an sampla ionadaíoch seo a chomhlánú le rogha a bhunófar ar mheasúnú ar na rioscaí a bhaineann le caiteachas le linn na seiceálacha *ex-ante* ar 100% d'éilimh agus bainfear leas as an taithí a gheofar sa mheasúnú ar chreat rialaithe an mheasúnaithe riosca do chur chun feidhme deontas. Leanfar d'iniúchtaí a dhéanamh ar chaiteachas ar bhealach comhleanúnach i gcomhréir le prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta.

A mhéid a bhaineann le rialú inmheánach Chreat EIT, tá straitéis fhoriomlán forbartha ag EIT, lena n-áirítear struchtúr maoirseachta maidir le cur chun feidhme próiseas rialaithe inmheánach lena dtugtar tacaíocht do shaolré iomlán an chaiteachais. Déanann an lucht bainistíochta sinsearach a áirithiú go nglacfaidh an Bord Rialaithe go foirmiúil leis an straitéis fhoriomlán seo agus go gcuirfidh sé chun feidhme í. Ar phríomheilimintí na straitéise seo tá cleachtas pleanála agus tuairiscithe lena leantar caighdeáin an Choimisiúin agus atá nasctha le cur chuige an Bhainistithe Riosca. Thairis sin, tá roinnt Buan-Nósanna Imeachta Oibríochta (SOP) forbartha ag EIT. Is treoracha mionsonraithe i scríbhinn iad buan-nósanna imeachta oibríochta chun aonfhoirmeacht maidir le feidhmíocht próisis shonraigh a bhaint amach; de ghnáth cumhdaítear níos mó sna treoracha ná aon chúram nó réimse in EIT, san Aonad, sa Roinn nó sna foirne.

Is iad PENanna agus na comhpháirtithe difriúla a sholáthraíonn deimhnithe iniúchóireachta maidir leis na ráitis airgeadais, ar deimhnithe iad trína ndeimhníonn iniúchóirí neamhspleácha atá ar conradh ag EIT dlíthiúlacht agus comhlíontacht na méideanna a dhearbhaítear sna tuarascálacha airgeadais.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Maidir le costais rialaithe EIT, de réir an mheastacháin is déanaí, is ísle iad ná 3% de na cistí arna mbainistiú, agus tá riosca earráide 1% ann freisin. Déantar gníomhaíochtaí ceartaitheacha go tráthrialta trí bhíthin deimhnithe maidir le ráitis airgeadais agus maidir le hiniúchtaí *ex post*. A bhuí le méid na hinstitiúide agus lena cur chuige seachfhoinsithe éifeachtach éifeachtúil féadtar na costais a bhaineann leo a bheith fós íseal agus leibhéal an dearbhaithe a bheith fós leordhóthanach, faoi mar a léiríodh leis na dearbhuithe urrúis ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa le déanaí.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Déanfaidh EIT bearta iomchuí lena n-áiritheofar go gcosnaítear leas airgeadais an Aontais.

Tá EIT meáite ar an gcalaois a chomhrac ag gach céim den phróiseas bainistithe deontas agus de ghníomhaíochtaí eile a chuirtear chun feidhme. Le gach cinneadh a ghlacfaidh EIT agus le gach conradh a chuirfidh EIT i gcrích forálfar go sonrach go bhféadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus an Chúirt Iniúchóirí cigireacht ar an láthair a dhéanamh ar dhoiciméid gach conraitheora agus gach

fochonraitheora a bhfuil maoiniú de chuid an Aontais faighte aige, lena n-áirítear ag áitreabh na dtairbhithe deiridh.

Ó bhí 2015 ann tá Straitéis Frith-Chalaoise ag EIT atá i gcomhréir le straitéis an Choimisiúin agus tá sé ag cur feabhas go leanúnach ar a bhearta chun calaois a chosc agus a bhrath.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid nua arna mbeartú

| | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 01.010101 Caiteachas a bhaineann le gníomhairí oifigiúla agus sealadacha a chuireann na cláir thaighde agus nuálaíochta chun feidhme - Fís Eorpach<br>01.010102 Pearsanra seachtrach a chuireann cláir thaighde agus nuálaíochta chun feidhme – Fís Eorpach<br>01.010103 Caiteachas eile bainistíochta maidir le cláir thaighde agus nuálaíochta – Fís Eorpach<br><br>Ceannteideal I – An Margadh aonair, Nuálaíocht agus an Clár Oibre Digiteach | LN[34]. | ó thíortha de chuid CSTE[35] | ó thíortha is iarrthóirí[36] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal [21(2)(b) ] den Rialachán Airgeadais |
| | 01.02.03.XX an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) | Difreáilte | TÁ | TÁ | TÁ | NÍL |

34 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

35 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

36 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **I** | Ceannteideal I – An Margadh aonair, Nuálaíocht agus an Clár Oibre Digiteach |
|---|---|---|

| | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal I Buiséad EIT (Caiteachas foirne)[37] | Gealltanais = Íocaíochtaí | (1) | 5.413 | 5.588 | 5.768 | 5.954 | 6.147 | 6.346 | 6.551 | | **41.767** |
| Teideal II Buiséad EIT (Caiteachas bonneagair agus oibríochta) | Gealltanais = Íocaíochtaí | (2) | 1.309 | 1.335 | 1.362 | 1.389 | 1.417 | 1.445 | 1.474 | | **9.732** |
| Teideal III Buiséad EIT (Caiteachas oibríochta). Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (de réir na línte buiséid a liostaítear faoi 3.1) | Gealltanais | (3) | 386.423 | 394.190 | 402.088 | 410.155 | 418.460 | 426.790 | 435.394 | | **2 873.500** |
| | Íocaíochtaí | (4) | 270.496 | 391.860 | 399.719 | 407.735 | 415.969 | 424.291 | 432.813 | 130.618 | **2.873.500** |
| 01.02.03.XX An Instiitúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) – Leithreasuithe faoi chomhair Oibríochtaí | Gealltanais | (5)=(1) + (2) +(3) | 393.145 | 401.113 | 409.218 | 417.499 | 426.024 | 434.581 | 443.419 | | **2 925.000** |
| | Íocaíochtaí | (6)=(1) +(2)+(4 ) | 277.218 | 398.783 | 406.849 | 415.079 | 423.533 | 432.082 | 440.838 | 130.618 | **2.925.000** |

[37] Ríomhadh costas fhoireann EIT agus Theideal II tríd an gcomhéifeacht cheartúcháin le haghaidh na hUngáire (71.9) a úsáid, mar a shonraítear ar leathanach 16, tábla 5 de https://ec.europa.eu/eurostat/documents/6939681/7070380/Annualreport2018.pdf/97053a94-29eb-4e93-8883-e826426e3d55

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 01.010101 Caiteachas a bhaineann le gníomhairí oifigiúla agus sealadacha a chuireann na cláir thaighde agus nuálaíochta chun feidhme - Fís Eorpach | Gealltanais = Íocaíochtaí | (7) | 0.527 | 0.545 | 0.565 | 0.584 | 0.605 | 0.626 | 0.648 | | **4.100** |
| 01.010102 Pearsanra seachtrach a chuireann cláir thaighde agus nuálaíochta Institiúidí Ardoideachais chun feidhme | Gealltanais = Íocaíochtaí | (8) | 0.108 | 0.110 | 0.113 | 0.115 | 0.117 | 0.119 | 0.122 | | 0.804 |
| 01.010103 Caiteachas bainistíochta eile i gcomhair chláir thaighde agus nuálaíochta Institiúidí Ardoideachais | Gealltanais = Íocaíochtaí | (9) | 9.445 | 9.629 | 9.816 | 10.006 | 10.202 | 10.398 | 10.600 | | 70.096 |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach an chláir[38] | Gealltanais = Íocaíochtaí | (10)=(7)+ (8) +(9) | 10.081 | 10.285 | 10.493 | 10.705 | 10.924 | 11.143 | 11.370 | | 75.000 |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 1 den chreat airgeadais ilbhliantúil do EIT** | Gealltanais | (11) =(5)+(10) | 403.226 | 411.398 | 419.711 | 428.204 | 436.948 | 445.724 | 454.789 | | 3 000.000 |
| | Íocaíochtaí | (12)=(6)+(10) | 287.299 | 409.068 | 417.342 | 425.784 | 434.456 | 443.225 | 452.208 | 130.618 | 3.000.000 |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | 7 | "Caiteachas riaracháin" |

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ a úsáid arna n-iontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach , iarscríbhinn a uaslódáiltear chuig DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

38 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach. Is ionann sin agus an t-uasmhéid ón méid a leithdháiltear ar EIT ón gClár, atá le caitheamh ar chaiteachas riaracháin an Choimisiúin.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| an Coimisiún Eorpach | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil do EIT** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCEANNTEIDEAL** den chreat airgeadais ilbhliantúil do EIT | Gealltanais | **403.226** | **411.398** | **419.711** | **428.204** | **436.948** | **445.724** | **454.789** | | **3 000.000** |
| | Íocaíochtaí | **287.299** | **409.068** | **417.342** | **425.784** | **434.456** | **443.225** | **452.208** | **130.618** | **3 000.000** |

3.2.2. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Blianta** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna. Líne 01.010101 Oifigigh agus an Fhoireann Shealadach a chuireann cláir thaighde agus nuálaíochta Institiúidí Ardoideachais chun feidhme | 0.527 | 0.545 | 0.565 | 0.584 | 0.605 | 0.626 | 0.648 | **4.100** |
| Acmhainní daonna. Líne 01.010102 Pearsanra seachtrach a chuireann cláir thaighde agus nuálaíochta Institiúidí Ardoideachais chun feidhme | 0.108 | 0.110 | 0.113 | 0.115 | 0.117 | 0.119 | 0.122 | **0.804** |
| Líne 01.010103 Caiteachas bainistíochta eile i gcomhair chláir thaighde agus nuálaíochta Institiúidí Ardoideachais | 9.445 | 9.629 | 9.816 | 10.006 | 10.202 | 10.398 | 10.600 | **70.096** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 10.081 | 10.285 | 10.493 | 10.705 | 10.924 | 11.143 | 11.370 | **75.000** |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **10.081** | **10.285** | **10.493** | **10.705** | **10.924** | **11.143** | **11.370** | **75.000** |

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.2.1 Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach[39]

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha (FTE)*

| **Blianta** | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin | | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 |
| Toscaireachtaí | | | | | | | | |
| Taighde | | | | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE) - AC, AL, END, INT agus JED** [40] Ceannteideal 7 | | | | | | | | |
| Arna maoiniú as CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| Arna maoiniú as imchlúdach an chláir [41] | - sa cheanncheathrú | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| | - i dToscaireachtaí | | | | | | | |
| Taighde | | | | | | | | |
| Eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **6** | **6** | **6** | **6** | **6** | **6** | **6** |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | - Tuairim an Choimisiúin a ullmhú maidir le Doiciméad Clársceidealaithe Aonair (SPD);<br>- Seasamh bhreathnóir an Choimisiúin ag cruinnithe Bhord Rialaithe EIT a ullmhú;<br>- Cinneadh an Choimisiúin a ullmhú maidir le comhaltaí Bhord Rialaithe EIT a cheapadh;<br>- Comhordú ginearálta le seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin agus comhordú agus ailíniú le tionscnaimh eile de chuid an Aontais Eorpaigh, go háirithe Fís Eorpach;<br>- Seasamh an Choimisiúin ag Ardán Geallsealbhóirí EIT a ullmhú;<br>- Seasamh an Choimisiúin ag 'Grúpa Ionadaithe na mBallstát' a ullmhú<br>- Na cruinnithe bliantúla idir seirbhísí PENanna EIT agus seirbhísí an Choimisiúin a eagrú;<br>- Obair leantach a dhéanamh maidir le glaonna ar PENanna nua;<br>Faireachán agus meastóireacht ar EIT;<br>-Comhlíontacht na gcéimeanna faoi lipéad EIT le gníomhaíochtaí arna ndéanamh i gcomhthéacs an Réimse Ardoideachais a dheimhniú; |

[39] Tá na figiúirí seo ailínithe le ráiteas airgeadais Reachtach foriomlán an chláir Fís Eorpach nach n-áirítear ann ach an fhoireann údaraithe atá i mbun oibre in 2020 in Ard-Stiúrthóireachtaí, ach nach ndéanann aon réamhbhreith ar na riachtanais shonracha a d'fhéadfadh a bheith ann i leith na foirne a bheidh ag obair ar EIT don tréimhse 2021-2027.

[40] AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[41] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

| | |
|---|---|
| | - Cúraimí a bhaineann le próisis an Choimisiúin a ullmhú maidir le pleanáil straitéiseach agus clársceidealú (AAR ...) agus bainistiú buiséid;<br>- Obair leantach maidir le hIniúchtaí ó Chumas Iniúchóireachta Inmheánaí (IAC) agus ón tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) agus ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE). |
| Pearsanra seachtrach | - Rannchuidiú le tuairim an Choimisiúin maidir le Doiciméad Clársceidealaithe Aonair (SPD) a ullmhú;<br>- Rannchuidiú leis an gcomhordú ginearálta le seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin agus comhordú agus ailíniú le tionscnaimh eile de chuid an Aontais Eorpaigh, go háirithe Fís Eorpach;<br>- Rannchuidiú le seasamh an Choimisiúin ag Ardán Geallsealbhóirí EIT;<br>- Rannchuidiú le seasamh an Choimisiúin ag 'Grúpa Ionadaithe na mBallstát'<br>- Rannchuidiú leis na cruinnithe bliantúla idir seirbhísí PENanna EIT agus seirbhísí an Choimisiúin a eagrú;<br>- Obair leantach a dhéanamh maidir leis na glaonna ar PENanna nua;<br>-Rannchuidiú le comhlíontacht na gcéimeanna faoi lipéad EIT le gníomhaíochtaí arna ndéanamh i gcomhthéacs an Réimse Ardoideachais a dheimhniú;<br>- Rannchuidiú le próisis an Choimisiúin a ullmhú maidir le pleanáil straitéiseach agus clársceidealú (AAR ...) agus bainistiú buiséid;<br>- Rannchuidiú leis an obair leantach maidir le hIniúchtaí (IAC, IAS agus CIE). |

3.2.2.2 Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach san Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Theicneolaíocht (EIT)

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| EIT (i mBúdaipeist) | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh an Choimisiúin | | | | | | | |
| Ar AD iad | | | | | | | |
| Ar AST iad | | | | | | | |
| Ar AST-SC iad | | | | | | | |
| Gníomhairí Sealadacha | | | | | | | |
| Ar AD iad | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 |
| Ar AST iad | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 |
| Ar AST-SC iad | | | | | | | |
| Gníomhairí ar conradh | 23 | 23 | 23 | 23 | 23 | 23 | 23 |
| SNInna | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| **Iomlán** | **70** | **70** | **70** | **70** | **70** | **70** | **70** |

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | - Buiséad EIT, pleanáil agus tuairisciú;<br>- Clár Oibre EIT maidir le Simpliú;<br>- Sraitheanna nua ainmnithe agus roghnaithe PENanna a ullmhú;<br>- Comhordú agus ailíniú le tionscnaimh eile de chuid an Aontais, go háirithe Fís |

| | |
|---|---|
| | Eorpach;<br>- Ardán Geallsealbhóirí EIT;<br>- Grúpa Ionadaithe na mBallstát<br>- Cruinnithe Bhord Rialaithe agus Choiste Feidhmiúcháin EIT a ullmhú;<br>- Cruinnithe agus Éisteachtaí idir EIT agus PENanna a eagrú;<br>- PENanna atá ann cheana a chomhdhlúthú;<br>- Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar PENanna agus ar na gníomhaíochtaí arna gcomhordú ag EIT;<br>- Tionchar EIT trí chomhroinnt agus scaipeadh eolais agus tríd an bhfor-rochtain agus an nochtadh idirnáisiúnta;<br>- Na gníomhaíochtaí arna gcomhordú ag EIT a dhearadh agus a bhainistiú;<br>- Comhar agus sineirgí a chothú idir PENanna;<br>- Gníomhaíochtaí oideachais arna ndéanamh ag PENanna a dhearadh agus a chomhordú;<br>- Cumarsáid EIT a chur chun feidhme;<br>- Glaonna ar PENanna a sheoladh agus obair leantach a dhéanamh maidir leo;<br>- Na hIniúchtaí (an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach, Cumas iniúchóireachta inmheánaí, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa) a bhainistiú. |
| Pearsanra seachtrach | - Rannchuidiú leis na sraitheanna nua ainmnithe agus roghnaithe PENanna a ullmhú;<br>- Rannchuidiú le clár oibre Fiontraíochta agus Oideachais EIT;<br>- Rannchuidiú le hArdán Geallsealbhóirí EIT;<br>- Rannchuidiú le ‘Grúpa Ionadaithe na mBallstát’<br>- Rannchuidiú le Boird Rialaithe agus Coiste Feidhmiúcháin EIT a ullmhú;<br>- Rannchuidiú le dearbhú a dhéanamh ar chomhlíontacht na gcéimeanna faoi lipéad EIT le gníomhaíochtaí arna ndéanamh i gcomhthéacs Réimse an Ardoideachais;<br>- Rannchuidiú le cur chun feidhme theachtaireacht EIT;- Rannchuidiú le gníomhaíochtaí arna gcomhordú ag EIT a bhainistiú;<br>- Rannchuidiú le faireachán a dhéanamh ar PENanna agus ar na gníomhaíochtaí arna gcomhordú ag EIT agus le hobair leantach a dhéanamh maidir leo. |

### *3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

Le X, déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| **Blianta** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe[42] | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

X Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

X ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Tionchar an togra/tionscnaimh | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
| Mír 6013 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| 01.02XX Leithreasuithe arna bhfabhrú ó ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| Féadfaidh tríú tíortha rannchuidiú leis an gClár trí chomhaontuithe comhlachais. Leagfar amach na coinníollacha lena gcinnfear leibhéal na ranníocaíochta airgeadais i gcomhaontuithe comhlachais le gach tír agus áiritheofar go ndéanfar ceartú uathoibríoch ar aon mhíchothromaíocht shuntasach i gcomparáid leis an méid a fhaigheann eintitis a bhunaítear sa tír chomhlachaithe trína bheith rannpháirteach sa chlár, agus costais maidir le bainistiú an chláir á gcur san áireamh. |

42 Níl Comhaontuithe maidir le Comhlachas Déthaobhach socraithe go fóill. Cuirfear ranníocaíochtaí ó thíortha comhlachaithe isteach de bhreis ar na suimeanna a thíolactar sa Ráiteas Airgeadais Reachtach seo.